


Tuarascáil Bhliantúil 2012



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Clár Ábhar

Réamhfhocal ag an Tánaiste & An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore, T.D.	3
Réamhráiteas ag Ard-Rúnaí An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, David Cooney	4
Sprioc 1: Leas eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta	9
Sprioc 2: Freastal ar thiomantais fhorbartha domhanda na hÉireann, ag díriú ar bhochtaineacht agus ocras	19
Sprioc 3: Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo a chur chun cinn	24
Sprioc 4: Cur le síocháin, slándáil agus cearta daonna go hidirnáisiúnta	26
Sprioc 5: Seirbhísí consalachta agus pasanna a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha	36
Sprioc 6: Cur lenár gcumas ár spriocanna a thabhairt i gcrích	38

Réamhfhocal ón Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore T.D.



Is é misean An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála luachanna, leas agus dea-bhail eacnamaíoch na hÉireann agus ár muintir thar lear a chur chun cinn agus a chosaint.

Tugann Tuarascáil Bhliantúil 2012 léargas ar conas a fheidhmíonn an Roinn sa bhaile agus thar lear, agus cuirtear béim ar chuid de ghnóthachtálacha suntasacha na bliana.

Le blianta beaga anuas, táimid dírithe ar chur le téarnamh an gheilleagair náisiúnta trí thrádáil a chur chun cinn, trí idirbheartaíocht agus tionchar a bheith againn ar phríomh-chomhpháirtithe maidir le beartas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach agus trí atógáil a dhéanamh ar “bhranda na hÉireann” ar fud an domhain.

I 2012, thug mo Roinn tacaíocht do 16 misean trádála a bhí á dtreorú ag Fiontraíocht Éireann a chabhraigh le cuideachtaí Éireannacha luach €112 milliún de chonarthaí agus de thiomantais a fháil. Bhaineamar leas as na meáin idirnáisiúnta ar fud an domhain le teach tar 24 milliún duine leis an teachtaireacht go bhfuil Éire oscailte do ghnó, d’infheistíocht agus do thurasóireacht. Tharla rannpháirtíocht láidir freisin i 2012 le 27 margadh tosaíochta na hÉireann faoi threoir Chomhairle Trádála Easpórtála an Rialtais, a bhfuilim mar chathaoirleach uirthi, agus ar an talamh le foirne margaidh áitiúil faoi threoir ár nAmbasadóirí thar lear.

Táim bródúil freisin as Cathaoirleacht bhliana na hÉireann ar an Eagraíocht um Slándáil agus Comhoibriú san Eoraip i rith 2012. Rinneamar gearáil freisin ar an méid is féidir le tír bheag a chur ar an stáitse idirnáisiúnta, agus chuir seo go mór lenár gclú idirnáisiúnta. Thugamar meon ar leithligh Éireannach chuig ár gCathaoirleacht le fócas ar na meáin dhigiteacha agus shaoirse idirlín, chomh maith le tarraingt as ceachtanna a foghlamaíodh ó Thuairseart Éireann agus conas mar ab fhéidir leo cabhrú maidir le “coimhlintí fadtréimhseacha” laistigh de réigiún an ENASCE.

Ba í 2012 freisin an chéad bhliain de Dheich mBliana na gCuimhneachán, tréimhse ina bhfuil deis againn féachaint siar agus machnamh a dhéanamh ar thréimhse mhúnlaitheach i stair ár n-oileán, agus na hEorpa, ag druidim le bunú an Stáit. Céad bliain ar aghaidh ó 2012, ghlacamar an deis le machnamh a dhéanamh – ar bhealach tuisceanach – ar cheisteanna a bhaineann le féiniúlacht aontachtach an oileáin seo, chomh maith le bunú eite pholaitiúil ghluaiseacht an luch oibre in Éirinn.

Is é atá i gceist leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ná ionadaíocht a thabhairt agus seachadadh a dhéanamh d’Éirinn; trí mhisin rathúla trádála, tacú le heaspórtálaithe, cabhrú le saoránaigh a bhíonn i bpriacal thar lear, nó staid na hÉireann a chur chun cinn san AE nó ag an NA. Tugtar faoin gcúram seo ag an gceannáras i mBaile Átha Cliath agus inár 73 láthair thar lear, le dúthracht agus le díograis, go minic in imthosca dúshlánacha. Tá áthas orm cuid de thorthaí na n-iarrachtaí seo a roinnt libh sa tuarascáil seo.

Réamhfocal ó Ardrúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, David Cooney



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chur i láthair, a thugann léiriú ar chuid de ghnóhachtálacha suntasacha na Roinne i rith 2012. Leag an Roinn clár oibre uailmhianach amach, ní amháin maidir lenár spriocanna ardleibhéil, atá leagtha amach sa tuarascáil seo, a bhaint amach, ach iad a shárú agus a chinntiú gur úsáideadh acmhainní iomlána na Roinne, sa bhaile agus inár 73 misean thar lear, go héifeachtach le seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar don Stát agus dá shaoránaigh.

Ag teacht le príomhthosaíocht an Rialtais maidir le téarnamh geilleagrach, dhírigh an Roinn i 2012 ar thacú le hatógáil leanúnach ár ngeilleagair trí thrádáil a chur chun cinn agus le hathbhunú a dhéanamh ar ár gclú idirnáisiúnta. Rinne an Roinn, faoi threoir an Tánaiste agus ár nAire Stáit, uasmhéadú ar dheiseanna ar fud an domhain Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe do thrádáil, do thurasóireacht agus d'infheistíocht. Ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe sna Gníomhaireachtaí Stáit thug an Roinn agus a gréasán Ambasadóirí tacaíocht do 16 misean trádála ar fud an domhain mar a bhfuair gnólachtaí Éireannacha conarthaí agus tiomantais ar bhfiú €112 milliún iad. Thug an Roinn tacaíocht freisin do chuartheanna an Uachtaráin Higgins ar an tSile, an Argintín, an Bhrasaíl, SAM, an Pholainn, agus an RA.

D'éirigh go maith le hÉirinn mar Chathaoirleach ar an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhoibriú san Eoraip (ENASCE), an eagraíocht idir-rialtasach slándála réigiúnach is mó ar domhan i 2012. D'éirigh leis an gCathaoirleacht, a bhain buaic amach le hóstáil an tinonól ba mhó riamh d'Airí Gnóthaí Eachtracha in Éirinn ó 6-7 Nollaig, comhaontú a bhaint amach maidir le próiseas "Helsinki +40" a sheoladh a leag amach treochlár straitéiseach do ENASCE le bheith níos éifeachtaí ag tabhairt faoi dhúshláin slándála. Thug Éire a bheith tofa ar Chomhairle na NA um Chearta an Duine tacaíocht d'ár bpróifíl ar cheisteanna idirnáisiúnta ar chearta an duine agus coimeádfar na caighdeáin is airde le linn ár dtéarma ar an gComhairle.

Leanann ár gClár Cabhrach Forbartha - Cúnamh Éireann - le feidhmiú mar léiriú praiticiúil ar ár luachanna agus ar bhfreagracht maidir leis an domhan. Le soláthar á dhéanamh ar €629 de Chúnamh Oifigiúil Forbartha, tá ár gclár dírithe ar aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ar ocras ar fud an domhain.

Bhí fócas ar leith ag obair na Roinne maidir le buansíocháin agus rathúnas a chinntiú ar oileán na hÉireann i gcaitheamh 2012 ar chuimhneacháin agus sinn ag féachaint ar aghaidh chuig sraith de chuimhneacháin chéad bliain ó 1912 go dtí 1922. Thug Ciste Athmhuintearais na Roinne tacaíocht do thionscadail i 2012 le comóradh tuisceanach a dhéanamh ar chomóradh céad bliain Chúnant Uladh agus i mí Márta thugamar cuireadh do Céad-Aire Thuaisceart Éireann Peter Robinson an chéad cheann de Shraith Léachtanna Cuimhneacháin Iveagh House a thabhairt ar an ábhar Aontachas in Éirinn.

I gcaitheamh 2012, sholáthair an Roinn réimse seirbhísí do shaoránaigh Éireannacha ó phasanna go litreacha saoirse le pósadh thar lear, go fiordheimhniú doiciméad. Sholáthair ár seirbhís consalachta i mBaile Átha Cliath agus sna hAmbasadóirí agus sna Consalachtaí thar lear, cúnamh do beagnach 1500 saoránach Éireannach a bhí i bpríacal agus iad thar lear, ó bhás go gabhálacha, timpistí, fuadach leanaí agus ospidéalú. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil le foireann uile na Roinne as ucht a ndíograis i gcaitheamh 2012 agus aitheantas a thabhairt dá bhfuil bainte amach acu sa bhaile agus thar lear ag tabhairt ionadaíochta don Stát agus ag freastal ar a shaoránaigh.

Is é misean na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ná cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh thar lear ar luachanna, leasanna & dea-bhail gheilleagrach na hÉireann agus a muintir

Is iad ár Spriocanna Ardleibhéil:

- Cur chun cinn a dhéanamh ar *leas eacnamaíochta na hÉireann* go hidirnáisiúnta
- Freastal a dhéanamh ar *ghealltanais fhorbartha domhanda* na hÉireann
- Cur chun cinn a dhéanamh ar athmhuintearas agus *comhoibriú ar an oileán seo*
- Cur le *síocháin, slándáil & cearta daonna* go hidirnáisiúnta
- *Seirbhísí consalachta agus pasanna* a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha
- Neartú a dhéanamh ar ár gcumas *freastal ar ár spriocanna*



Cad a rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála duitse i 2012?

- ✓ eisíodh **631,939 Pas**
- ✓ déanadh próiseáil ar **38,682 iarratas ar víosa**
- ✓ cabhraíodh le **1,443 saoránach Éireannach in éigeandáil chonsalachta thar lear**
- ✓ eisíodh Litreacha Saoirse ag freastal ar **2,500 saoránach Éireannach a bhí ag pósadh thar lear**
- ✓ tacaíodh le **155 tionscadal le hathmhuintearas a chur chun cinn ar oileán na hÉireann**
- ✓ freagraíodh **1,626 Ceist Pharlaiminteach agus 138 iarratas SF**
- ✓ déanadh próiseáil ar **8,000 iarratas ar shaoránacht trí Chlár na mBreitheanna Coigríche**
- ✓ tacaíodh le **16 Misean Trádála**
- ✓ déanadh cathaoirleacht ar thionól Aireachta ENASEC i mBaile Átha Cliath ag tabhairt breis agus **€2 mhilliún chuig an ngeilleagar**
- ✓ Cabhraíodh le cuideachtaí Éireannacha **€112m de chonarthaí agus tiomantais a fháil**
- ✓ Úsáideadh na meáin idirnáisiúnta le spreagadh a thabhairt do **24 milliún duine ar fud an domhain cuairt a thabhairt ar Éirinn, gnó a dhéanamh inti agus infheistíocht a dhéanamh inti**



I 2012 thaisteal an Tánaiste agus an tAire Stáit don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig 47 tír le luachanna agus leas na hÉireann thar lear a chur chun cinn agus a chosaint. Áirítear ar an dtaisteal seo go léir 119 cuairt indibhidiúil, thar 5 ilchríoch agus níos mó ná 362,869 ciliméadar.

Daoine sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i 2012

Ba é líon na foirne a bhí ag freastal sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag deireadh 2012 ná **1450**. Áirítear sa bhfigiúr seo 78 d'fhoireann bhreise shealadach a fostaíodh ag an gCeanncheathrú agus ar mhisin áirithe thar lear, go háirithe don Bhuanionadaíocht chuig an AE sa Bhruiséil, ag déanamh ar, agus i rith Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa chéad leath de 2013. Bhí 588 den bhunfhoireann bunaithe inár nAmbasáidí agus ár Misin thar lear agus in Ard Mhacha agus Béal Feirste (tá 290 acu seo fostaithe go háitiúil). Bhí an chuid eile bunaithe sa Cheanncheathrú, ar a n-áirítear Oifigí na bPasanna i mBaile Brigín agus i gCorcaigh, agus ár n-oifig Cúnamh Éireann i Luimneach.

Fócas ar Ambasáid Deilí Nua

Tá Ambasáid na hÉireann sa Deilí Nua creidiúnaithe don India, Srí Lanca, Neipeal agus an Bhanglaidéis, a bhfuil daonra timpeall 1.4 billiún eatarthu.

Tá triúr oifigeach taidhleoireachta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, ceathrar oifigeach ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a bhfuil freagracht orthu maidir leis an oifig Víosá a rith, agus Comhairleoir Tráchtála ó Fhiontraíocht Éireann, mar fhoireann san Ambasáid. Tá gréasán de Chonsalachtaí Oinigh ag tacú leis an Ambasáid - i Mumbai, Kolkata, Bangalore agus Chennai san India, agus Colombo i Srí Lanca.

Tá obair na hAmbasáide agus na nGníomhaireachtaí Stáit san India bunaithe ar chomhstraitéis a aontaíodh i rith 2012 atá dírithe ar fheabhas a chur ar phróifíl na hÉireann san India agus ar riocht na hÉireann mar cheann scríbe d'infheistíocht ón India, do thurasóirí agus do mhic léinn tríú leibhéal ón India d'oideachas thar lear. Dírionn an Ambasáid agus na gníomhaireachtaí freisin ar naisc ghnó a fheabhsú idir an dá thír, go háirithe trí chomhoibriú a spreagadh idir chuideachtaí Éireannacha agus Indiacha agus éascú a dhéanamh ar ghnólachtaí Éireannacha ar mhian leo iniúchadh a dhéanamh ar mhargadh na hIndia.

Mar chuid den tiomáint le feabhas a chur ar fheiceálacht na hÉireann i 2012, rinne an Ambasáid agus a gníomhaireachtaí comhchistiú ar fheachtas fógraíochta teilifíse bunaithe ar fhoireann chruicéide na hÉireann, a bhí san iomaíocht i gCorn Cruicéid an Domhain 20:20 i Srí Lanca. Tá cruicéad mar oibseisiún náisiúnta san India agus soláthraíonn foireann chruicéide na hÉireann uirlis tábhachtach le hÉirinn a chur chun cinn sa bhfo-ilchríoch. Ghlac an t-imreoir cruicéide Éireannach Kevin O'Brien, ar phearsa iomráiteach san India é, páirt sa bhfeachtas le feachtas ar Éirinn a ardú mar cheann scríbe

infheistíochta, turasóireachta agus oideachais. Chonaic na milliún duine san India, laistigh den déimeagrafach a bhí mar sprioc ag an bhfeachatas, na fógraí.

Bhí Kevin O'Brien freisin mar Ambasadóir Branda d'Oideachas in Éirinn i rith 2012, ar fheachtas ardphróifíl é ina raibh an Ambasáid agus Fiontraíocht Éireann ag obair le coláistí tríú leibhéal Éireannacha le mic léinn Indiacha a earcú, agus le comhoibriú a fhorbairt le hinstiúidí Indiacha. Tionóladh sraith imeachtaí sna cathracha is mó san India agus d'fhreastal na mílte mac léinn ionchasaca. Chabhraigh an Ambasáid freisin le hacadóirí ó ollscoileanna sa dá thír a thabhairt le chéile.

Cuireadh feabhas ar fheiceálacht na hÉireann san India leis an scannán Bollywood Ek Tha Tiger, a raibh cuid de suite i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) agus a déanadh timpeall lár na cathrach. D'oibrigh an Ambasáid go dlúth le TCD agus Turasóireacht Éireann le huasmhádú a dhéanamh ar phoiblíocht d'Éirinn ón scannán, arbh é an scannán ba mhó déanta airgid san India é don bhliain.

D'oibrigh an Ambasáid go dlúth freisin leis an IDA agus le Fiontraíocht Éireann (FÉ) ar Thaispeántas Taistil do Ghnó na hÉireann, ina raibh an tAmbasadóir agus ceannasaithe áitiúla an dá ghníomhaireacht seo ag taisteal mórthimpeall na tíre le bualadh le baill ar leith de phobal gnó na hIndia. Fuair an Taispeántas Taistil clúdach an-dearfach sa phreas agus d'éirigh leis feasacht a ardú maidir le hÉire a bheith mar chomhpháirtí ionchasach do thrádáil agus d'infheistíocht.

Agus aghaidh á thabhairt ar an todhchaí, d'aistrigh an Ambasáid chuig áitreabh nua seansaíreachta sa Deilí Nua ag deireadh 2012. Soláthraíonn an foirgneamh nua áiseanna atá feabhsaithe go mór le leas na hÉireann a chur chun cinn san India.



An tAire Stáit d'Oiliúint agus Scileanna, Ciarán Cannon, T.D. (lár) ar bord rickshaw leis an mbranda Oideachas in Éirinn, in éineacht leis an Ambasadóir Feilim McLaughlin, Julie Sinnamon ó Fhiontraíocht Éireann agus Ruth Freeman ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Téann na rickshaw ar fud shráideana Deilí agus fógraíocht á dhéanamh acu ar Éirinn mar cheann scríbe oideachais. (c) DFAT

Spríoc 1: Cur chun cinn a dhéanamh ar leas eacnamaíochta na hÉireann san Eoraip agus go hidirnáisiúnta

D'oibrigh gréasán na nAmbasáidí ar fud an domhain, i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí stáit, d'fhonn:

- leas eacnamaíochta agus trádála na hÉireann a chur chun cinn,
- cur le heaspórtálacha, le turasóireacht, agus le líon na mac léinn idirnáisiúnta
- feasacht a ardú maidir le téarnamh geilleagrach na hÉireann.



16 misean trádála le hAirí i gceannas orthule tacaíocht ár ngréasán Ambasáidí.



Ag cur na teachtaireachta amach go bhfuil Éire oscailte le haghaidh gnó a dhéanamh

Lucht féachana teilifíse agus lucht éisteachta raidió idirnáisiúnta de na céadta milliún.



Fuarthas suas le €122 milliún i gconarthaí agus i dtiomantais le linn na misean thrádála faoi cheannas Airí ón Roinn féin.

Thug an Roinn agus a gréasán Ambasáidí tacaíocht do 16 misean Trádála le Fiontraíocht Éireann ag leibhéal Aireachta i 2012. Is tacaíocht luachmhar iad na misin seo go ghnólachtaí Éireannacha maidir le margáí a fhorbairt thar lear agus tá tábhacht ar leith ag baint leo i gcomhthéacs an fháis faoi threoir easpórtála atá riachtanach do théarnamh geilleagrach na hÉireann. Ba é an cann ba mhó ná an Misean Trádála agus Infheistíochta chun na Síne leis an Taoiseach i gceannas air sa Mhárta. Síníodh conarthaí agus tiomantais arbh fhiú €35 milliún iad ar an misean seo. Ar na misin eile áirítear misin chun na Fraince agus Ceanada, faoi threoir an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Richard Bruton, mar ar aontaíodh ar chonarthaí arbh fhiú €17.6 milliún agus €8 milliún faoi seach iad. Bhí an tAire Trádála agus Forbartha, Jeo Costello T.D. i gceannas ar Mhisin Thrádála chuig an Bhrasaíl, an Iodáil, an Rúis, an Afraic Theas agus an Tuirc mar ar bhain gnólachtaí conarthaí agus tiomantais arbh fhiú €112 iad.

Baintear leas as taisteala airí freisin le cur chun cinn a dhéanamh ar Éirinn mar cheann scríbe turasóireachta. Measann Turasóireacht Éireann gur gineadh poiblíocht dhearfach arbh fhiú €3.2 í (a chomhionann i luach fógraíochta) d'Éire agus don Tóstal ó thaispeántas taistil Thurasóireacht Éireann agus ó chuairt an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Leo Varadkar T.D. chuig Nua-Eabhrac, Bostún, Chicago agus Toronto sa Mheán Fómhair.

Is í an Chomhairle Trádála Easportála an phríomh-mheicníocht chomhordaithe a dhéanann maoirsiú ar fhorfheidhmiú Straitéise an Rialtais do Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, atá dírithe ar ár bpríomh-mhargáí éiritheacha chomh maith leis na margáí atá bunaithe. Tá an Tánaiste, mar Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, mar chathaoirleach ar an gComhairle a bhfuil tacaíocht aige ó rúnaíocht bheag sa Roinn. Rinne an Tánaiste Airí agus oifigigh shinsearacha ó Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit, chomh maith le baill den Chomhairle ón earnáil phoiblí, a thionóil i mí Feabhra agus Meán Fómhair 2012 le maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar fhorfheidhmiú na straitéise.

Rinne foirne faoi threoir an Ambasadóra iomchuí agus comhdhéanta d'ionadaithe ó na Gníomhaireachtaí Stáit ar an láthair, pleananna don mhargadh áitiúil do 27 margadh tosaíochta, agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle iad.

I gcaitheamh na tréimhse aa bhain le Lá Fhéile Pádraig 2012, thaisteal an Taoiseach, an Tánaiste agus 16 Aire chuig 15 de phríomh-chomhpháirtithe trádála na hÉireann le cur chun cinn a dhéanamh ar ghnó, ar thurasóireacht agus ar chultúr na hÉireann thar lear ag imeachtaí a d'eagraigh gréasán na nAmbasáidí. Ba í an teachtaireacht ar chuir Airí béim uirthi lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta le linn dóibh a bheith thar lear ná 'anois an t-am le hinfheistíocht a dhéanamh i dtéarnamh geilleagrach na hÉireann'. I ngach láthair, cuireadh béim ar imeachtaí agus deiseanna le hÉirinn a chur chun cinn mar láthair tarraingteach trádála, turasóireachta agus infheistíochta – ó imeacht Cheannairí Gnó i Washington go Coinbhinsiún Áise BioPharma Asia Convention i Singeapór. Thacaigh na cuairteanna freisin le seoladh domhanda agus cur chun cinn 'An Tóstal 2013'.

Chabhraigh an Roinn a chinntiú go mbainfí an leas ab fhearr as Lá Fhéile Pádraig. Le cur chuige comhordaithe a chinntiú maidir le gníomhaíocht Lá Fhéile Pádraig an Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit, déanadh príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt dírithe ar théarnamh geilleagrach na hÉireann. Chuireadar seo a leanas agallamh ar na hAirí a thaisteal, Bloomberg, CNBC, MSN Money, Forbes, Bloomberg Business Week, Atlanta Business Chronicle, Times Picayune (op-eds), NBC, Adrian Flannelly Show (NY), Sky News London, Stuttgarter Nachrichten (An Ghearmáin), Luxemburger Wort (Lucsamburg), Le Quotidien (An Fhrainc), Dow Jones/Wall Street Journal (SAM), The Straits Times (Singeapór), Sky business TV, Dow Jones Newswire, The Age (Melbourne) chomh maith le hiliomad clár raidió, Teilifíse áitiúla agus nuachtáin áitiúla.

Sa Mheán Fómhair sheol an tAire Stáit Trádála agus Forbartha, Joe Costello T.D., tuarascáil a bhí comh-mhaoinithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Cónaidhm Innealtóireachta Fiontraíochta. Thug an tuarascáil dar teideal ‘Winning Business in Africa – Building a Cluster for Infrastructure Projects’ sonraí ar níos mó ná 100 tionscadal óar déanadh maoiniú orthu ón gciste poiblí ina 11 tír san Afraic le luach iomlán de €12 billiún a bhí le teacht ar an bhfód sna 5 bliana atá romhainn. Leanfaidh Ambasáidí Éireannacha ar fud na hAfraice le tacaíocht a thabhairt do ghnó Éireannach le leanúint ar mholtaí atá sa tuarascáil seo. Ar fud na hAfraice, tá ár bhFoireann ag obair go dlúth leis an earnáil phoiblí le Comhlachais Ghnó Éireannacha a bhunú ar féidir leo tacú le hiontrálaithe nua sna margáí áitiúla.

D’eagraigh an Roinn agus a hAmbasáidí imeachtaí freisin le sprioclucht éisteachta le spreagadh a thabhairt do chuideachtaí táirgí Éireannacha a cheannach, infheistíocht a dhéanamh in Éirinn, oibriú le cuideachtaí Éireannacha, bannaí Éireannacha a cheannach, a gcuideachtaí nuathionscanta a bhunú in Éirinn, staidéar in Éirinn, a dTaighde agus Forbairt a dhéanamh in Éirinn, agus dul ar laethanta saoire in Éirinn. Tharla a leithéid d’imeachtaí ar fud an domhain in áiteanna chomh héagsúil le Texas, Chennai, Saudi Arabia, Osaka agus Canberra. Thugamar aitheasc do na mílte duine ó chaipitilíthe fiontair in Atlanta, go Comh-Chomhlachais Tráchtála Coigríche i Bangkok, go seimineáir infheistíochta i Beijing agus Guangzhou.

Chuireamar lucht tugtha tuairime ar an eolas ó na hoifigí ag Príomhairí an domhain, Rialtais agus parlaimintí go daoine aonair agus grúpaí ó Eagraíocht Cháiniocóirí na Gearmáine go ceannairí Bhainc na hEilvéise go Sabhdán Bhrúiné agus ceannaireacht gach móreagraíocht iltaobhach.

Thugamar faisnéis ar chúla gheilleagair na hÉireann do mheáin an domhain ar a n-áirítear an BBC, Financial Times, Bloomberg, Handelsblatt, FT Deutschland, Wall St Journal, Washington Post, Die Zeit, Le Monde, Le Figaro, the Guardian, the Chicago Tribune, Il Sole 24 Ore, Corriere della Serra agus mórán eile a bhfuil tionchar idirnáisiúnta acu. Thugamar agallaimh i gcaitheamh na bliana in aosraonta na meáinar fud an domhain ag cur na hÉireann chun cinn, ó Saudi TV2, go Business FM raidió i Kuala Lumpur, go Raidió Ne3w Zeland, TV Berlin agus China Daly.

Cuireadh ailt agus agallaimh le hAirí Rialtais agus Ambasadóirí i nuachtáin i 32 tír a shroich lucht léite de 24 milliún i 2012. Shocraigh gréasán na nAmbasáidí agallaimh theilifíse agus raidió freisin ag díriú ar chur chun cinn geilleagrach d’Airí agus d’Ambasadóirí le hasraontale lucht féachana/éisteachta de na céadta milliún eatarthu.

Fócas ar Ambasáid Bhrasíla

Tá an Bhrasaíl, an tír is mó i Meiriceá Theas le daonra timpeall le 200 milliún duine, ar an seachtú eacnamaíocht is mó ar domhan. I 2012, bhain trádáil déthaobhach na hÉireann leis an mBrasaíl €772 milliún amach le trádáil déthaobhach i seirbhísí sa bhreis ar €300 milliún.

Bunaíodh Ambasáid na hÉireann sa Bhrasaíl i 2001 le foireann de bheirt oifigeach taidhleoireachta agus tríúr ball foirne áitiúla ann. Cuireann an tAmbasadóir agus a chomhghleacaithe leasa na hÉireann chun cinn sa Bhrasaíl ar réimse gníomhaíochtaí, ar a n-áirítear comhoibriú leis an mBrasaíl ar cheisteanna idirnáisiúnta, cur chun cinn ar dheiseanna trádála, díolachán seirbhíse agus deiseanna turasóireachta, spreagadh a thabhairt d'fhorbairt dearfacha i bpolasáí trádála, ceisteanna comhshaoil agus athrú aeráide, chur chun cinn ar oideachas, scoláireachtaí agus oiliúint teanga, chomh maith le béim a chur ar chlú láidir na hÉireann mar chomhpháirtí i nuálaíocht agus taighde, agus i réimse ealaíne agus cultúir. Déanann an Ambasáid seirbhísí conslacha a thairiscint freisin le tacú le saoránaigh Éireannach atá ina gcónaí nó ar cuairt sa Bhrasaíl.

Cuireadh le comhchaidreamh láidir na hÉireann leis an mBrasaíl i 2012 le cuairt rathúil an Uachtaráin Higgins. D'ardaigh cuairt an Uachtaráin, agus misean Fhiontraíocht Éireann de 42 cuideachta agus institiúid tríú leibhéal faoi cheannas an Aire Costello a bhí in éineacht leis, próifíl na hÉireann sa phríomh-mhargadh fáis seo. Bhí cruinnithe dearfacha ag an Uachtarán leis an Uachtarán Dilma Rousseff agus le ceannairí eile Brasaíleacha i gclár a d'áirigh imeachtaí sa Bhrasíla, São Paulo agus Rio de Janeiro. Cuireadh clabhsúr ar roinnt comhaontuithe le comhpháirtithe Brasaíleacha, ar a n-áirítear fógraí maidir le conarthaí easpórtála a fuair cuideachtaí Éireannacha. Thug an tUachtarán aitheasc freisin ag Ollscoil São Paulo mar a bhfaigheann an clár Léann Éireannach ar bhfuil ardmheas air tacaíocht ó Rialtas na hÉireann.

I ndiaidh idirbheartaíocht rathúil faoi threoir na hAmbasáide, deimhníodh rannpháirtíocht na hÉireann i gclár suntasach scoláireachta tríú leibhéal Brasaíleach le linn cuairte an Uachtaráin. Tá an clár Eolaíocht gan Teorainneacha (Ciência sem Fronteiras) maoinithe go hiomlán ag Pobal na Brasaíle agus an Earnáil Phríobháideach agus é i gceist leis acmhainn na Brasaíle in eolaíocht agus teicneolaíocht a mhéadú trí ionad a bheith ag Brasaíleacha in institiúidí idirnáisiúnta tríú leibhéal. Faoin gclár seo, déanfaidh suas le 4,000 mac léinn Brasaíleach staidéar ag leibhéal fo-chéime ag Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta Éireannacha sna ceithre bliana atá romhainn, chomh maith le suas le 1,500 mac léinn iarchéime. Is é luach iomlán na scoláireachtaí do gheilleagar na hÉireann ná timpeall le €150 milliún. Ina theannta sin, tacóidh an clár seo le naisc níos fearr a chothú idir mhuintir na hÉireann agus an Bhrasaíl a thacóidh dá réir le deiseana déthaobhacha sa todhchaí.

I rith, thug foireann na hAmbasáide tacaíocht do rannpháirtíocht na hÉireann in idirbheartaíocht chomhshaoil dhomhanda. Bhí an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan T.D., i mbun toscaireacht na hÉireann ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe Rio+20 ar Fhorbairt Inbhuanaithe. Le linn na comhdhála coicise d'oibrigh toscaireacht na hÉireann go dlúth leis an AE le dea-thoradh a fháil agus baineadh leas as an deis caidreamh déthaobhach na hÉireann a chur chun cinn trí shraith cruinnithe a bhí ag an Aire le hAirí ó thíortha eile.

Prótacal sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála: Forbhreathnú

Tá trí réimse freagrachta ar Rannóg Phrótacail na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála mar atá:

- a) Ullmhú agus eagrú a dhéanamh ar Chuartheanna Oifigiúla agus Stáit an Uachtaráin.
- b) Ullmhú agus eagrú a dhéanamh ar Chuartheanna chun na hÉireann ag Ceann Stáit, Ceann Rialtais agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Bainistíocht a dhéanamh ar Fháilteachas Oifigiúil.
- c) Na Pribhléidí agus na Díolúintí a thugtar ó fheidhmiú Choinbhinsiúin Vín ar Chaidreamh Consalachta agus Taidhleoireachta.

I 2012 chuaigh an tUachtarán Higgins ar mhórturas chuig Meiriceá Theas mar a ndeachaidh sé i mbun chlár shubstainteacha agus fadréimseacha sa tSile, san Airgintín agus sa Bhrasaíl. I ngach cás, áiríodh cruinnithe le linn na cuairte leis an gCeann Stáit, chomh maith leis an bpobal Éireannach, le hionadaithe lucht gnó, oideachais agus cultúir.

Thug an tUachtarán cuairteanna eile freisin i rith 2012 ar a n-áirítear caidreamh leis na Pobail Éireannacha, agus le hOllscoileanna, chomh maith le naisc chultúrtha agus ghnó a chur chun cinn:

- Londain, i mí Feabhra.
- Bostún/Nua-Eabhrac, san Aibreán.
- An Pholainn, Poznan, sa Mheitheamh, (an chathair aíochta do EURO 2012).
- Londain, sa Mheitheamh, (áiríodh anseo an chéad chuairt oifigiúil ar an CLG sa Bhreatain agus drámaí Druid Murphy).
- Learpholl/Manchain, i mí na Samhna.

Rinne an Roinn ullmhúchán freisin agus thug sí tacaíoch do na cuairteanna seo a leanas go hÉirinn:

- Rí Leosóta,
- Leas-Phríomhaire Dhaon-Phoblacht na Síne,
- Uachtarán na hEilvéise,
- Leas-Uachtarán Phoblacht na Colóime,
- Príomhaire Phoblacht na Slóivéine,
- Príomhaire Phoblacht Mhálta,
- Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Nicearagua,
- Aire Gnóthaí Eachtracha na Rómáine,
- Aire Gnóthaí Eachtracha UAE,
- Uachtarán Pharlaimint na hEorpa,
- Státrúnaí na SA,
- Ceann Comhairle Pelosi na SA.

Rinne an Roinn comhordú freisin ar shocruithe lóistíochta agus praiticiúla do mhóirmeachtaí a tionóladh in Éirinn i 2012 ar a n-áirítear Cruinniú Mullaigh Chomhairle na Breataine-na hÉireann, fáiltiú Aireachta agus Rialtais ENASCE le marcáil a dhéanamh ar an gComhdháil Eocairisteach.

Tá ról táirgiúil agus maighdeogach ag fáiltiú oifigiúil in Éirinn maidir le dea-íomhá a chur



Ceannairí na Toscaireachta ag Comhairle Aireachta ENASCE i mBaile Átha Cliath, Nollaig 2012 (c)RGET

chun cinn go hidirnáisiúnta agus le tuilleadh forbartha agus neartú a dhéanamh ar thuilleamh déthaobhach polaitiúil, geilleagrach/coigríche agus naisc chultúrtha leis na tíortha agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta a

bhíonn i gceist. D'eagraigh Prótacal na Roinne caoga dó imeachtaí dá leithéid i rith 2012.

Rinne an Roinn bainistiú ar Phribléidí agus Dílúintí 57 misean cónaitheach agus ar os cionn 68 misean neamhchónaitheach creidiúnaithe d'Éirinn i rith 2012. Áiríodh orthu seo bainistíocht a dhéanamh ar chreidiúnaithe phearsanra ag Misin Taidhleoireachta agus próiseáil ar 557 Iarratas Víosa agus 415 Cead Cónaithe. Déanadh socruithe go gcuirfeadh 24 Ambasadóir a nDintúir i Láthair don Uachtarán i rith 2012.

Rinne an Roinn bainistiú freisin ar rannpháirtíocht an Chóir Taidhleoireachta ag roinnt imeachtaí ar mhórsála i 2012, ar a raibh cur i láthair Bheannachtaí na Bliana Nua don Uachtarán, Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir, an Lá Náisiúnta Comórtha agus seoladh Uachtaránachta na hÉireann ar an Aontas Eorpach ar an 31 Nollaig 2012.

Rinne Prótacal teagmháil le hAmbáidí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha, le Ranna Rialtais, le hAmbasáidí Éireannacha thar lear agus le gníomhaireachtaí eile le héascú a dhéanamh ar os cionn 1,317 imréiteach. Áiríodh anseo éascú ar chead do 4 ártach cabhlaigh Éireannacha thar lear agus 42 ártach cabhlaigh choigríche ar cuairt i gcalafóirt na hÉireann chomh maith le 62 Ártach Taighde.

Fócas ar an Eoraip

Déanadh athchóiriú ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go réigiúnach ag deireadh 2011. Le

Rannóg an Aontais Eorpaigh suite anois i Roinn an

Taoisigh, ag díriú ar cheisteanna inmheánacha an AE, bunaíodh Rannóg na hEorpa i RGET le bainistiú a dhéanamh ar chaidreamh déthaobhach le gach tír san Eoraip agus tosaíocht a thabhairt ar chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh ina chomharsanacht, ar a n-áirítear aontachas leis an AE.



I gcomhthéacs na hEorpa bhí fócas na Roinne i 2012 ar fheabhas a chur ar sheasamh na hÉireann san AE agus i measc na dtíortha comhpháirtíochta eile Eorpacha, seirbhís den scoth a sholáthar don Rialtas agus do pháirtithe leasmhara eile ar fhorbairtí san Eoraip agus ullmhúchán a dhéanamh d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i 2013. Trí shraith de chuartheanna Aireachta agus oifigiúla, agus tríd ár ngréasán Ambasáidí, chabhraíomar le clú na hÉireann a athshlánú agus ár bpróifíl agus ár gcáil a ardú mar chomhpháirtí iontaofa, mar láthair infheistíochta agus mar thír le gnó a dhéanamh inti.

Choimeád ár nAmbasáidí teagmháil ag gach leibhéal agus rinne siad iad a fhorbairt agus d'oibrigh siad lena chinntiú go gcuirfí leas agus luachanna na hÉireann chun cinn agus go ndéanfaí iad a chosaint.

Tugadh turais aireachta ar gach Ballstát den AE. Cé gur phríomhphointí fócais iad ceisteanna AE agus ullmhúcháin Uachtaránachta ag cruinnithe, d'fheidhmigh na cuairteanna freisin le comhchaidreamh a neartú agus próifíl na hÉireann sna tíortha sin a ardú. Sa bhaile, rinne an Roinn ullmhúchán don Uachtaránacht sa chéad leath de 2013 trí dhian-chomhordú agus pleanáil le páirtithe leasmhara eile, ach go háirithe Rannóg an AE de Roinn an Taoisigh.

Cuireadh le caidreamh déthaobhach leis an Eilvéis le cuairt oifigiúil chun na hÉireann ag Uachtarán na hEilvéise i mí Dheireadh Fómhair. Sa tréimhse roimh na cuairte, bhuaill an Roinn le hoifigigh sinsearach Eilvéiseacha le plé a dhéanamh ar thograí maidir le neartú a dhéanamh ar chomhchaidreamh institiúideach an AE-Eilvéiseach. Chuireamar bailchríoch freisin ar Chomhaontú ar Fhaisnéis Chánach a Mhalartú le San Mairíne.

Méadú

2012 Déanadh tuilleadh dul chun cinn i 2012 ar an bpróiseas Méadaithe. Tugadh stádas oifigiúil iarrthóra don tSeirbia sa Mhárta. Tosaíodh ar idirbheartaíocht aontachais le Montainéagró sa Mheitheamh. Leanadh le hidirbheartaíocht aontachais leis an Íoslainn. Níor osclaíodh ná níor dúnadh aon chaibidil nua idirbheartaíochta leis an Tuirc i rith 2012.

Roimh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, thug an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Lucinda Creighton, T.D., cuairt ar thíortha aontachais agus réamhaontachais. I mí Iúil thaiseal an tAire Stáit chuig na Cróite, Montainéagró, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéan agus an Tuirc. Bhí an turas ar Montainéagró ar an gcéad chuairt dá leithéid ag Aire Éireannach ó bhain Montainéagró neamhspleáchas amach i 2006.

Sa Mheán Fómhair thaisteal an tAire Stáit chug an tSeirbia, an Chosaiv, an Albáin agus an Mhacadóid. Sholáthair na cuairteanna deis le bualadh le príomhcheannairí agus le foghlaim as taithe phearsanta faoin dul chun cinn a bhain na tíortha atá rannpháirteach sa phróiseas aontachais amach chomh maith le forbairtí níos leithne sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíochta. Thug an tAire Creighton aitheasc freisin ag Cruinniú Mullaigh na Cróite ar an téama den AE mar fhórsa tiomána ar athrú sóisialta agus polaitiúil.

Nearthaigh na cuairteanna caidreamh déthaobhach na hÉireann leis na tíortha sa réigiún agus chuir ar ár gcumas ár dtacaíocht láidir a chur in iúl athuair don chlár oibre méadaithe sna Balcáin Thiar. Chuir siad dlús freisin leis an tosaíocht a bhainfeadh le hathbheochan an chlár oibre méadaithe le linn Uachtaránachta na hÉireann ar an AE.

Chuir an tOireachtas reachtaíocht intíre tríd sa Mheitheamh ag réiteach na slí do dhaingniú Chonradh Aontachais na Cróite agus déanadh Ionstraim Daingniúcháin na hÉireann a dhearbú ar an 8 Deireadh Fómhair.

Cónaidhm na Rúise

Bhí an 29ú Cruinniú Mullaigh den AE-An Rúis ar siúl i gCathair Pheadair ar an 3-4 Meitheamh, an chéad chruinniú mullaigh dá leithéid leis an Uachtarán Putin ó cuireadh na struchtúir iar-Chonradh Liospóin le chéile. Tharla an 30ú Cruinniú Mullaigh den AE-An Rúis ar an 21 Nollaig sa Bhruiséil. Déanadh ceisteanna idirnáisiúnta agus trádála a phlé chomh maith leis an ionchas go gcuirfí clabhsúr le Comhaontú nua idir an AE agus An Rúis. Ar an 7 Nollaig, bhí an séú babhta déag de chomhairliúcháin ar chearta daonna ag an AE agus An Rúis sa Bhruiséil.

Agus é ar mhisean trádála chun na Rúise, bhí cainteanna ag an Aire Stáit do Thrádáil agus Forbairt, Joe Costello, T.D., leis an Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha Titov ar réimse ceisteanna déthaobhacha.

An Úcráin

Chuir an AE agus an Úcráin tús le Comhaontú Comhlachais ar an 30 Márta sa Bhruiséil, leis an AE á dhéanamh soiléir go mbeadh dul chun cinn maidir le síniú agus daingniú ag brath ar an Úcráin ag tabhairt aghaidh ar roinnt ceisteanna ar a n-áirítear ceartas roghnaitheach. Rinne an AE plé ar na nithe seo le Príomhaire na Úcráine Azarov ag Comhairle Chomhoibritheach an AE-An Úcráin ar an 15 Bealtaine.

Ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha i mí na Nollagm, ghlac Airí Gnóthaí Eachtracha AE le Conclúidí a dhaingnigh caidreamh an AE leis an Úcráin agus a léirigh féidearthacht go síneofaí Caomhaontú Comhlachais an AE-An Úcráin ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir i Vilniús i Samhain 2013, cé gur tugadh le fios go mbeadh seo ag brath ar údaráis na Úcráine á léiriú go raibh 'gníomhaíocht daingean agus dul chun cinn inbhraite' á dhéanamh i dtír rémse: go mbeadh toghcháin pharlaiminte 2012 de réir chaighdeáin idirnáisiúnta agus ghníomhaíochtaí leantacha; ceist ceartais roghnaitheach agus cosc a chur ar a athfilleadh; forfheidhmiú na n-athchóirithe sainithe a comhaontaíodh sa Chlár Oibre Aontachais.

Tá Éire freisin tar éis leanúint le hiarrachtaí leis an Úcráin a chinntiú go mbeadh sócmhainní ar leis an Stát iad slán. Bhuail an tAire Stáit d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Brian Hayes, T.D., leis an Aire Airgeadais Kolobov sa Chív ar an 8 Meitheamh leis na hiarrachtaí seo a phlé chomh maith le ceisteanna tráchtála déthaobhacha.

Ambasáí Bheirlín

Is é atá mar fhoireann san Ambasáid i mBeirlín ná cúigear oifigeach taidhleoireachta, Ataisé Talmhaíochta ón Roinn Talmhaíochta agus Bia agus seisear ball foirne áitiúil. Oibríonn an Ambasáid go dlúth leis na Gníomhaireachtaí Stáit atá bunaithe sa Ghearmáin (Bord Bia, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Forbartha Tionscail agus Turasóireacht Éireann) ag cur na hÉireann chun cinn. Tugann cúigear Consal Oinigh - i Cologne, Frankfurt, Hamburg, Munich, agus Stuttgart tacaíocht dá cuid oibre.

Tá gaol trádála na hÉireann leis an nGearmáin riachtanach de bharr daonra os cionn 80m duine agus OTI sa bhreis ar €2.65 trilliún inti. Tá sé ar an ngeilleagar is mó i limistéar an euro agus an ceathrú cearn is mó ar domhan.

Tábhacht Gheilleagrach na Gearmáine d'Éirinn de réir uimhreacha:

- 4ú comhpháirtí trádála marsantaithe: 2012 lomlán €10.94 bn
- 3ú foinse is mó turasóireachta: 2012 líon turasóirí 448,000
- 3ú margadh is mó bia agus dí: 2012 easpórtálacha €519m
- 2ú iompórtálaí is mó seirbhísí: 2011 Total 10.5bn; Easpórtálaithe €7.67bn; Iompórtálaithe €2.84bn
- 2ú foinse is mó d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

D'oibrigh an Ambasáid i mBeirlín go dian le neartú a dhéanamh ar na naisc pholaitiúla agus eacnamaíochta idir Éire agus An Ghearmáin. Bíonn teangmháil rialta aige le figiúirí sinsearacha Gearmánacha d'fhonn dearcadh na hÉireann ar ceisteanna reatha san AE a mhíniú agus le tuiscint níos fearr a fháil ar sheasamh na Gearmáine. Bhí teagmháil ag leibhéal polaitiúil ina chuid riachtanach de leasa na hÉireann a chur chun cinn agus i rith 2012 d'eagraigh an Ambasáid 3 chuairt ag an Taoiseach chomh maith le 7 gcuairt Aireachta ar a raibh gnéithe polaitiúla, eacnamaíochta agus trádála a chur chun cinn.

Bhí fócas láidir ag Lá Fhéile Pádraig 2012 ar Éire a chur chun cinn leis an Aire Stáit Keogh mar ionadaí an Rialtais ag imeachtaí i Munich, Düsseldorf agus Stuttgart ar a n-áirítear Aonach Trádála na hEorpa MedTech, mar a raibh taispeántas ar 10 gcuideachta Éireannach ar é an imeacht is mó san Eoraip é do fheistí liachta. D'éirigh leis an Ambasáid "glasú" a dhéanamh ar thúr íocónach Bheirlín do Lá Fhéile Pádraig rud a d'fhág go raibh an Ghearmáin mar chuid den "Ghlasú Domhanda" den chéad uair.

Ar bhuaicphointí eile na bliana bhí imeacht na "gCathracha Cliste" i mBeirlín a tionóladh i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Technische Universität Berlin, le stádas Bhaile Átha Cliath mar Chathair Eolaíochta na hEorpa a léiriú. Déanadh seo a nascadh le himeacht líonraithe GFT Éireann do ghnólachtaí nuathionscanta Gearmánacha mar ar cuireadh béim ar tharraingteacht na hÉireann mar láthair le gnó nua bhunú. Fostaíonn Culture Translate, gnólacht nuathionscanta Gearmánach, a d'fhreastal ar an imeacht, 100 duine anois i mBaile Átha Cliath.

Tá méadú ag teacht leis an tábhacht atá taidhleoireacht phoiblí le clú na hÉireann a atógáil i ról na hAmbasáide. Baintear leas as na meáin shóisialta (twitter) chomh maith le nuachtlitreacha leictreonacha ar fhorbairtí cultúrtha, pobail agus eacnamaíochta le teachtaireachtaí dearfacha i dtaobh na hÉireann a chraobhscoileadh ar fud na Gearmáine. Tá teagmháil leis an bpobal Éireannach sa Ghearmáin mar ghné tábhachtach den obair seo agus i 2012 d'eagraigh an Ambasáid dhá mhórimeachtaí le tacú leis seo: Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh na Gearmáine, a thug 70 feidhmeannach agus fiontraí Éireannach a oibríonn sa Ghearmáin le chéile le plé a dhéanamh ar smaointe maidir le téarnamh geilleagrach na hÉireann agus cruinniú de chumainn Éireannacha sa Ghearmáin le cur chun cinn a dhéanamh ar "An Tóstal 2013".

Tá an Ambasáid i mBeirlín ar cheann de na hAmbasáidí is gnóthaí maidir le seirbhísí conslachta. I 2012 rinne an Ambasáid próiseáil ar níos mó ná 1,200 pas, 220 pas sealadach, 1,200 vvíosa, 100 lLitir Shaoirse, 40 Clárú Breithe lasachta. Sholáthair an Ambasáid cúnamh consalachta freisin do níos mó ná 100 saoránach Éireannach agus a dteaghlach (ar bhain níos mó ná 10 gcás le bás shaoránaigh Éireannaigh), ar a n-áirítear a sheirbhís éigeandála lasmuigh d'uaireanta oibre.

Sprioc 2: Freastal ar thiomantais fhorbartha domhanda na hÉireann, ag díriú ar bhochtaineacht agus ocrais



Mwama Juma ag obair i ngort ríse a theaghlaigh, Mtwara, sa Tansáin.
Grianghraf: UN Tanzania/Julie Pudlowski

I 2012 sholáthair Éire €628.9 milliún i gCúnamh Oifigiúil Forbartha (COF), ar ionann é agus 0.47% de OTN. Rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a dhéanann bainistiú ar chlár cabhrach an Rialtais, Cúnamh Éireann, bainistiú ar €507.38 milliún. Tugadh cuntas ar €121.52 milliún eile trí Ranna eile Rialtais - go háirithe An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus An Roinn Airgeadais - agus sciar na hÉireann de Bhuiséad Chomhar um Fhorbairt an AE.

Tá clár COF na hÉireann dírithe ar aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ocrais domhanda, ag díriú ar líon teoranta de thíortha atá an-bhocht, go háirithe san Aifric. Soláthraíodh clár trí bhealaí éagsúla cúnaimh, go háirithe sna hearnálacha sláinte, oideachais, rialachais agus tógála daonlathais, forbairt pobail, rialtas áitiúil agus talmhaíocht.

Soláthraítear cistiú do réimse comhpháirtithe ar a n-áirítear rialtais tíre comhpháirtíochta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus misinéara, na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí iltaobhacha agus idirnáisiúnta eile.

Cúnamh Oifigiúil Forbartha 2012 Eochairfhórais

- Cúnamh Oifigiúil Forbartha lomlán: €628.9 milliún
- Chuir Éire 0.47% den OTN le COF
- Soláthraíodh 70 mar COF Déthaobhach - 30% mar COF Iltaobhach
- Bhain os coin 80 tír leas as COF Déthaobhach Éireannach
- Bhí os cionn 80% den COF Déthaobhach a leithdháileadh dírithe ar na Tíortha is Lú Forbairt agus chuaigh 85% chuig an Afraic fho-Shahárach
- Soláthraíodh ceathrú de COF na hÉireann trí eagraíochtaí neamhrialtasacha
- Soláthraíodh beagnach leath den COF Déthaobhach chuig naoi tír chomhpháirtíochta na hÉireann
- Bhí beagnach 60% de COF Déthaobhach na hÉireann dírithe ar na príomhearnálacha mar thacaíocht do Thalmhaíocht, Sláinte, Oideachas, Rialachas agus Bonneagar Sóisialta
- Caitheadh timpeall 6% de COF Déthaobhach ar bhainistíocht, iniúchadh agus measúnú chláir.

Bia agus Slándáil Cothaithe

Le hais a hobair lena naoi dtír chomhpháirtíochta, oibríonn Éire freisin ag leibhéal idirnáisiúnta le gníomhaíocht domhanda a neartú maidir le hocras agus cothú. Cuid tábhachtach dá chuid oibre maidir le hocras i 2012 ná ullmhú le huasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a thug ár nUachtaránacht ar an AE sa chéad leath de 2013, agus ár rannpháirtíocht i bplé idirnáisiúnta ar an bhfrámaíocht iar-2015 d'fhorbairt domhanda.

I 2012, d'oibrigh Cúnamh Éireann le comhtháthú a dhéanamh ar an bhfócas ar chothú ar fud a cláir, mar a cuid infheistíochtaí in oideachas, talmhaíocht, uisce, sláintíocht agus sláinteachas, cothroime inscine agus coimirce sóisialta. Tá na hearnálacha seo go léir riachtanach le feabhas a chur ar chothú.


Soláthraíonn Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann do 2012 samplaí a chuireann béim ar a chuid oibre le hocras a laghdú agus athléimneacht a neartú mar chuid de thiomantas foriomlán na hÉireann d'iarracht athnuaite domhanda deireadh a chur le fíorbhochtaineacht agus ocras i nglúin amháin.

Is féidir tuilleadh sonraí ar obair Chúnamh Éireann a fháil i dTuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann 2012 "Ocras a Laghdú, Teacht Aniar a Neartú" <https://www.irishaid.ie/ie/nuacht-foilseachain/foilseachain/publicationsarchive/2013/sept/tuarascail-bhliantuil-chunamh-eireann-2012/>

Samplaí de Thorthaí Forbartha le tacaíocht na hÉireann ina Naoi Tír Chomhpháirtíochta:

Leosóta	I 2012, déanadh os coinn 3000 gairdín pholl eochrach a thógáil agus a phlandáil. Tá os cionn 10,000 duine ar an ngann chuid ag ithe glasraí ó na gairdíní seo .
An Aetóip	Tháinig laghdú ar líon na ndaoine atá ag maireachtáil ar níos lú ná \$1.25 sa ló ó 55.6% i 2000 go dtí 39% i 2012
An Mhaláiv	Ó 2010, tá feirmeoirí ag glacadh le síolta feabhsaithe deimhnithe tar éis méadú ó 22% go dtí 48% rud atá tar éis cur le méadú ar tháirgiúlacht agus le feabhas ar shlándáil bia .
Mósaimbíc	Mhéadaigh ráta rollaithe chailíní i mbunscoileanna ó 58.1% i 2005 go dtí 71.8% i 2012
An Tansáin	Tháinig beagnach dúbailt ar achar na talún talmhaíochta uiscithe sa Tansáin idir 2001 agus 2011
Tíomór Thoir	Tháinig méadú ar mhaoiniú Rialtais d'fhorbairt áitiúil agus soláthar seirbhíse, ó US\$3.5m i 2010 go US\$22m i 2011
Uganda	Tá os coinn dhá thrian de leanaí i Uganda ag críochnú bunscoile anois, suas 13% ar 2010.
Vítneam	Laghdaigh ráta chraptha leanaí faoi bhun 5 ó 33.9% i 2007 go dtí 26.7% i 2012
An tSaimbia	Tá rochtain ag 400,000 duine ar uisce óil atá glan agus slán agus ar shaoráidí sláintíochta a bhuíochas don chlár Cúnamh Éireann sa Chúige Thuaidh

Glanchúnamh Forbartha Oifigiúil (CFO) mar Chéatadán den Ghlan Ioncam Náisiúnta (GIN) – Deontóirí An Choiste Cúnamh Forbartha 2012



Ambasáid Mapútó

Tá freagracht ar chúigear oifigeach taidhleoireachta agus chomhar um fhorbairt agus a bhfoireann in Ambasáid na hÉireann i Mósaimbíc as bainistiú a dhéanamh ar an gclár cúnamh déthaobhach is mó de chuid na hÉireann, chomh maith le tacú le caidreamh trádála agus infheistíochta atá ag éirí níos fuinniúla. Tá an Ambasáid creidiúnaithe freisin do Angóla agus don Bhotsuáin; tá tacaíocht ag a shaothar sa Bhotsuáin ó Chonsal Oinigh atá bunaithe i nGaborone.

Tá Mósaimbíc ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan: i 2012 bhí sé rangaithe sa tríú ionad ón mbun ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonn na Náisiúin Aontaithe. Maireann os cionn leath dá dhaonra de 23 milliún duine ar níos lú ná 50 cent sa ló. Agus é sin ráite, tá dul chun cinn rianúil á dhéanamh ag Mósaimbíc, le fás geilleagrach de 7.4% i 2012 ag cur le méadú ollmhór de 120% in OTI i seacht mbliana. Níl an OTI fós ach ag US\$12 billiún, áfach.

Tá a gcionn féin ag cuideachtaí Éireannacha sa scéal seo: mar shampla, tá Kenmeare Resources ar cheann de na hinfheisteoirí choigríche is mó i Mósaimbíc, le os cionn US\$1 billiún infheistithe ina mhianach; fostaíonn Kentz os cionn 2,000 duine ar thionscadail innealtóireachta ar mhórsála; agus rinne Cove Energy an íocaíocht chánach ba mhó le státhiste Mósaimbí i 2012 ar dhíolachán a sciar de gháscheantar. I rith na bliana, bunaigh an Ambasáid gréasán neamhfhoirmeálta gnó Éireannach, a bheadh ar fáil le cabhrú le gnó Éireannach a bheadh ag lorg deiseanna sa tír agus nasctha le gréasán Afracach Ghnó na hÉireann.

Tá fás geilleagrach, in éineacht le tacaíocht deontóra, ag éascú céimeanna ollmhóra i sláinte agus oideachas, ar phríomhréimsí béime iad do chlár forbartha na hÉireann. I 2012, den chéad uair d'fhreastal os cionn 90% de leanaí incháilithe Mhósaimbíc ar bhunscoil, le dul chun cinn ar leith ar rollú chailíní i scoileanna.

Thug roinnt bhall den Oireachtas cuairt ar Mhósaimbíc i 2012, go háirithe Coiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtrais i mí na Samhna. Thug baill an choiste, faoi threoir Cathaoirleach CCP John McGuinness, cuairt ar thionscadail maoinithe ag Éirinn i gcúige Inhambane agus i Mapútó le fianaise a fháil ar an dul chun cinn atá éascaithe ag cúnamh forbartha na hÉireann. Bhuail siad freisin le lucht gnó na hÉireann atá gníomhach i Mósaimbíc.

I gcúrsaí sláinte, oibríonn Éire i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht an iar-Uachtarán Clinton le feabhas a chur ar thorthaí sláinte do mhná agus do leanaí ach go háirithe.

A bhuíochas do chlár ceannródaithe ag Éire agus Fondúireacht Clinton, méadaíodh

an cóir leighis a cuireadh ar roinnt máithreacha VEID-deimhneach maidir le haistriú an víris ó mháthair go leanbh faoi chéad sna deich mbliana go dtí 2012. Cuireadh béim ar a gcuireann Éire le clóras sláinte Mósaimbíc a neartú i 2012 trí chomhchaidreamh nua idir an FSS agus Aireacht Sláinte Mhósaimbíc, i gcomhthéacs Chomhaontas Lucht Oibre Sláinte an Domhain.

Tugann rialtas Mhósaimbíc aitheantas dá bhfuil curtha ag Éire léi, agus i 2012 choimeád clár forbartha na hÉireann a ionad sa chéad trí cinn i measúnú rialtais Mhósaimbíc ar cháilíocht chúnamh bhronntóra. Bhí an clár forbartha freisin mar ábhar shraith de thuairiscí nuachta ar RTÉ i mí na Samhna 2012, agus rinne an Ambasáid éascú ar chlár faisnéise Newstalk, 'Roots of Success'.



Trealamh diagnóiseach, a úsáidtear i Mósaimbíc trí chomhpháirtíocht le hÉirinn, Fondúireacht Clinton, agus Aireacht Sláinte Mósaimbiceach.

Sprioc 3: Athmhuintearas agus Comhoibriú a chur chun cinn ar an oileán seo

Ba í 2012 an chéad bhliain le deich mbliana de chomórthaí céad bliain ar imeachtaí tábhachtacha in Éirinn ó 1912 go dtí 1922, a shroich buaic le bunú an Stáit. Ar na himeachtaí seo áiríodh Géarchéim Rialtais Dúchais, bunú Óglaigh Uladh agus Arm Cathartha na hÉireann, an Frithdhúnadh, an Chéad Chogadh Domhanda, Éirí Amach na Cásca, Cogadh na Saoirse, an Cogadh Cathartha, bunú Saorstát Éireann agus idir-roinnt ar oileán na hÉireann.

Soláthraíonn comóradh ar ár stair i bpáirt deis le méadú a dhéanamh ar thuiscint ar na deich mbliana suaiteacha sin agus conas mar a chruthaigh siad ár stair pholaitiúil agus sóisialta. Tá acmhainn freisin ann le hathmhuintearas agus comhthuiscint a neartú, ag áireamh Tuaisceart Éireann. Cuirtear taca faoi chur chuige na Roinne maidir le comórthaí le prionsabail chruinnis stairiúil, cuimsitheacht agus comh-mheas, agus tá fócas ar leith aige ar ghnéithe Thuaidh-Theas agus Soir-Siar den stair atá againn i bpáirt.



An Tánaiste le Céad-Aire agus LeasChéad-Aire Thuaisceart Éireann ag an gcéad cheann de Shraith Léachtanna Cuimhneacháin Iveagh House

Tá ról lárnach ag an Roinn maidir le clár an Rialtais a sholáthar do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012 - 2022. Oibríonn sí go dlúth le Ranna eile agus soláthraíonn sí tacaíocht do Ghrúpa Comhairleach Uile-Pháirtí Oireachtais. Oibríonn ár Misin thar lear go dlúth freisi nle baill de phobal na hÉireann thar lear, mar aitheantas ar a ról riachtanach maidir le cuimhneacháin suntasacha a mharcáil i gciatheamh na deich mbliana.

Thug Ciste Athmhuintearais na Roinne tacaíocht do thionscadail i 2012 le comóradh tuisceanach a dhéanamh ar chéad bliain Chúnant Uladh. Tacaíodh leis an Ord Oráisteach i nDún na nGall léachtaí poiblí agus taispeántas a bheith acu in iarsmalann an chontae ar stair na ndaoine a shínigh an Chúnant i nDún na nGall. Cuireadh leachtaí agus taispeántais ar siúl freisin in Iarsmalanna an Chabháin agus Mhuineacháin. Chuir Críostaíocht Chomhaimseartha taispeántas oideachais amharclainne agus plé bpobalbhunaithe ar siúl le tuiscint a mhéadú ar imeachtaí 1912. Tacaíoch le comhdháil acadúil i Londain ar chomhóradh céad bliain Chúnant Uladh. I mí na Márta thug Céad-Aire Thuaisceart Éireann Peter Robinson an chéad cheann de Shraith Léachtanna Cuimhneacháin Iveagh House ar an ábhar Aontachas in Éirinn.

Athmhuintearas agus Cistí Frithsheicteachais

I 2012, rinne na Cistí Athmhuintearais agus Frithsheicteachais €2.7 milliún a bhronnadh ar 155 tionscadal a rith eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR), grúpaí pobail, agus eagraíochtaí deonacha le tacú le hathmhuintearas agus le tuiscint níos fearr a chothú idir daoine agus traidisiúin ar oileán na hÉireann agus idir Éire agus an Bhreatain.

Ba é an grúpa ba mhó ar tacaíodh leis i 2012 ná Comhar Forbraíochta Éireann, dá chuid oibre le daoine óga i mbaol agus le pobail ar an imeall. Soláthraíodh tacaíocht freisin do Idirghabháil TÉ d'oilúint le cur ar chumas na gceannairí pobail sa Bhaile Meánach, Léim an Mhadaidh agus san Ómaigh déileáil le ceisteanna conspóideacha ina bpobal, agus le Cumann Pobail An Ghrianfort/Caisleán na hOireanaí dá fhorbairt ar naisc trasteorann idir Chontaetha Lú agus an Dúin. Ar shamplaí eile áirítear Ionad Ógra Chlann Éireann sa Lorgain, dá chlár trasphobail don ógra a chuirtear ar siúl i bpáirt le Ceangal Ógra an Lorgain le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna seicteachais agus claontachta, Tionscnamh Lár na Cathrach i nDoire atá ag obair le lár na cathrach sábháilte a bhaint amach atá inrochtana do chách agus Grúpa Forbartha Pobail agus Trasdul Bhéal Feirste Thuaidh, dá gcuid oibre maidir le teagmháil le pobail áitiúla agus laghdú a dhéanamh ar theannas comhéadain.

Léiríonn na samplaí seo a fhad a théann na Cistí trí phobail Thuaisceart Éireann agus sa réigiún níos leithne.

Tá tuilleadh eolais ar gach tionscadal ar tacaíodh leis i 2012 ar fáil ag

<https://www.dfa.ie/ie/maidir-linne/maoiniu/cisti-athmhuintearais-agus-frithsheicteachais/>



An Tánaiste le hIonadaithe ó Foyle Women's Information Network, Galliagh Women's Group agus Caw Nelson Drive Action Group i nDoire.
(c) DFAT

Sprioc 4: Cur le síocháin, slándáil & cearta daonna go hidirnáisiúnta

Tá príomhfhreagracht ar Rannóg Pholaitiúil na Roinne as réimsí polasaí lárnach *Síochána, Slándála agus Cearta Daonna Idirnáisiúnta*. I 2012 bhí fócas ar chúig chuspóir polasaí:

Síocháin agus cobhsaíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn, ar a n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE (CBES)

Cuireann an Roinn cuspóirí pholasaí eachtrach na hÉireann chun cinn sa réimse seo ag leibhéal oifigiúil trí oibriú le grúpaí oibre éagsúla an AE a scrúdaíonn agus a chruthaíonn Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais (CBES) agus an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC). Cothaíonn na hiarrachtaí seo saothar Airí Gnóthaí Eachtracha an AE ag Comhairle na nAirí Gnóthaí Eachtracha (CGE).

Ba thréimhse an-ghníomhach í 2012 don FAC. Bhí an Tánaiste mar ionadaí na hÉireann ag deich gcruinniú den Chomhairle i gcaitheamh na bliana mar ar déanadh plé ar réimse leathan de cheisteanna ar pholasaí eachtrach ar a n-áirítear: imeachtaí ‘Earrach na nArabach’ agus na comhthorthaí réigiúnacha go háirithe san Éigipt agus sa tSiria; forbairtí sa Mheánoirthear; meathlúchán ar chúrsaí i Mali; agus neartú ar chomhchaidreamh le comharsana an AE ó Dheas agus san Oirthear.

Ina theannta sin, bunaíodh trí mhisean nua CBES san Afraic i 2012. Lean tacaíocht láidir na hÉireann do ghnéithe bainistíochta géarchéime sibhialtach de CBSC, le 10 saineolaí Éireannach curtha ar mhisin CBSC.

Sa deireadh, sa dara leath den bhliain, géaraíodh ar ullmhúchán i measc gach grúpa oibre roimh Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a thosódh ar an 1ú Eanáir 2013.

Cathaoirleacht éifeachtach a sholáthar ar Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip (ENASCE) i 2012

I 2012, bhí Éire mar chathaoirleach ar Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip (ENASCE) den chéad uair. D'éirigh ar fheabhas le Cathaoirleacht bhliana na heagraíochta tábhachtach iltaobhach seo.

Le 57 Stát ón Eoraip, an Áise Láir agus Meiriceá Thuaidh, is é an ENASCE an eagraíocht slándála réigiúnach is mó ar domhan. Tugann sé aghaidh ar réimse ceisteanna slándála, ar a n-áirítear rialú armán, cearta daonna, daonlathú, frithsceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí geilleagracha agus comhshaoil. Tá cearncheathrú ENASCE bunaithe i Vín, sna Ostair.

Bhain Éire leas suntasach as cathaoirleacht ENASCE, ar a n-áirítear ardú suntasach ar ár bpróifíl idirnáisiúnta. Chuireamar feabhas ar ár gclú maidir le taidhleoireacht agus bainistíocht géarchéime agus chuireamar lenár dtaithe maidir le réiteach coinbhleachta agus cearta daonna, ar ghnéithe an dá cheann acu dár bpolasaí eachtrach. Ag tús na bliana Cathaoirleachta, thug an Tánaiste aitheasc do Chomhairle Slándála na NA ar thosaíochtaí na hÉireann don bhliain. Sheol sé stampa Cathaoirleachta ENASCE na hÉireann freisin trí é a chur i láthair Ardrúnaí na NA, Ban Ki-moon go foirmeálta.



Bronnann an Tánaiste Eamon Gilmore stampa Cathaoirleachta ENASCE na hÉireann ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Ban Ki-moon, Feabhra 2012 (c) DFAT

Ba é sprioc uileghabhálach an pholasáí do Chathaoirleacht na hÉireann ná slándáil a neartú ar fud na trí 'ghné' den ENASCE agus feabhas a chur ar acmhainn na hEagraíochta a bunchuspóirí a chomhlíonadh. Ar na tosaíochtaí sonrath eile bhí saoirse na meáin, le fócas ar leith ar na meáin dhigiteacha agus saoirse idirlín; dea-rialachas; agus foghlaim as ceachtanna a foghlaimíodh ó phróiseas síochána Thuaisceart Éireann le héascú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le réiteach a fháil ar na 'coinbhleachtaí fadtréimhseacha' laistigh de réigiún ENASCE.

I gcaitheamh na bliana Cathaoirleachta, bhí freagracht shuntasach eagraíochtúil ar an Misean go Vín, ar raibh air bainistiú a dhéanamh ar chruinnithe éagsúla agus cainteanna seachtainiúla polaitiúla a d'éiligh Cathaoirleacht a bheith i láthair ag leibhéal sinsearach. Bhí freagracht ar an Misean freisin as comhordú a dhéanamh ar líon mór comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna sa Vín agus i gcathracha eile (go háirithe Vársá, ceanncheathrú Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine ENASCE).

Tionóladh roinnt comhdhálacha rathúla ardleibhéil in Éirinn le linn bliana na Cathaoirleachta. Tugadh arid ar leith ar chomhdháil a tionóladh san in Aibreán 2012 in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann mar ar féachadh ar phróiseas síochána Thuaisceart Éireann le "Todhchaí i bPáirt: Síocháin a Thógáil agus a Choinneáil, cás-staidéar Thuaisceart Éireann" mar theideal uirthi. Sholáthair an imeacht seo, an chéad cheann dá leithéid a tionóladh in Éirinn, deis uathúil le héisteacht le taithí réimse de pholaiteoirí sinsearacha a raibh taithí pearsanta acu ar an bpróiseas síochána.

D'eagraigh an Chathaoirleacht freisin comhdháil ardleibhéil sa Mheitheamh ar shaoirse idirlín, ag forlíniú seasaimh na hÉireann mar Phríomhchathair Idirlín na hEorpa. Ní amháin go raibh ionadaithe ó bhallstáit ENASCE ann ach ón sochaí shibhialta agus ón earnáil phríobháideach freisin, ar fhostóirí suntasacha in Éirinn mórán acu. Leagadh béim sa chomhdháil ar an ngá le tiomantais ENASCE i réimse saoirse na meáin agus saoirse tuairimíochta a bheadh á chur i bhfeidhm ar líne agus as líne. Rinne Google óstáil ar imeacht ar an taobh agus ar fháiltiú i dTeach an Ard mhéara ar an gcéad tráthnóna den chomhdháil. Ba é cruinniú Aireachta ENASCE buaicphointe na bliana, a bhí ar siúl ón 6-7 Nollaig ag an RDS Cúirt Shíomóin. Ba é seo an teacht le chéile ba d'Airí Gnóthaí Eachtracha in Éirinn.



Cuireann an Tánaiste fáilte roimh Státrúnaí Mheiriceá Hilary Clinton ag Cruinniú Mullaigh ENASCE i mBaile Átha Cliath (c) DFAT

D'fhreastal os cionn caoga Aire Gnóthaí Eachtracha, ar a n-áirítear Státrúnaí na Stát Aontaithe ag an am, Hillary Clinton, Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise, Sergei Lavrov, agus Ardionadaí an AE, Catherine Ashton. D'fhreastal os cionn 1,200 toscaire air agus chlúdaigh 200 de na meáin an comhdháil freisin. Ag teacht roimh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, thug sé deis den scoth le hÉire a thaispeáint mar cheann scríbe gnó agus turasóireachta. Mheas Bord Fáilte agus Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath gurbh fhiú breis agus €2 mhiliún é do gheilleagar Bhaile Átha Cliath, bunaithe ar chaiteachas measta gach toscaire. Déanadh iarracht ar leith le deiseanna turasóireachta a chur chun cinn.

Ag obair go dlúth le hAonad Pleanála Uachtaránachta an AE, déanadh iniúchadh gníomhach ar dheiseanna urraíochta. Mar thoradh ar an urraíocht a sholáthair cuideachtaí éagsúla don chruinniú Aireachta déanadh sábháil os cionn €200,000. Measadh ar dtús go gcosnódh an Cathaoirleacht timpeall €10 milliún, le céatadán suntasach ag teastáil don chruinniú Aireachta. D'oibrigh an Roinn go dian, áfach, lena chinntiú go gcoimeádfai costais chomh híseal agus ab fhéidir é. Sa deireadh chaith Éire díreach faoi bhun €3 mhiliún ar bhliain na Cathaoirleachta, ar a raibh óstáil ar chruinniú Aireachta Bhaile Átha Cliath; ba é costas foriomlán na Cathaoirleachta ná €4 mhiliún thar trí bliana.

Bhí an-rath ar an gcruinniú Aireachta, ina raibh oibríocht lóistíochúil casta agus iltaobhach i gceist leis. I dtéarmaí polasaí, sheol an comhaontú freisin an próiseas ar a dtugtar "Helsinki +40" a raibh an-rath air; ba thionscnamh Cathaoirleachta é seo a bhí dírithe ar thosaíochtaí nua straitéiseacgha a aithint do ENASCE ag déanamh ar chomóradh 40 bliain d'lonstraim Chríochnaitheach Heilsincí i 2015.

Oibriú leis na NA agus institiúidí eile iltaobhacha a dhéanamh níos éifeachtaí agus aghaidh á thabhairt ar dhúshláin domhanda, réigiúnacha agus forbartha.

Mar stát beag, tá Éire Dlúthcheangailte le taidhleoireacht iltaobhach. Tá ár dtiomantas go háirithe do na Náisiúin Aontaithe fós mar bhunchloch dár bpolasaí eachtrach, agus tá seo le feiceáil sa rannpháirtíocht láidir thar réimse gníomhaíochtaí NA. Tá Síochánaíocht mar chuid lárnach dár bpolasaí eachtrach agus tacaíonn sé le tiomantas láidir na hÉireann maidir le hiltobhacht agus na NA. I 2012 d'fhreastal timpeall 400 coimeádaí síochána Éireannach ar sé mhísean síochánaíochta de chuid na NA san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic.

I gcaitheamh, 2012, cuireadh cuspóirí ár bpolasaí eachtrach chun cinn tríd na NA agus eagraíochtaí eile iltaobhacha, thar réimse ceisteanna. Ina theannta sin agus mar fhreagra ar dhúshláin a bhaineann leis an riocht geopholaitiúil reatha, leanamar le hiarrachtaí athchóiriú a dhéanamh ar na NA agus eagraíochtaí eile iltaobhacha, d'fhonn a n-éifeacht a mhéadú.

Cur chun cinn a dhéanamh ar mheas agus ar chosaint ar chearta daonna agus forlámhas an dlí



An Anbasadóir Anderson agus foireann na hÉireann tar éis gur toghadh Éire ar an gComhairle um Chearta an Duine 2013 (c) DFAT

Tá tiomantas na hÉireann maidir le cur chun cinn agus cosaint cheisteanna cearta daonna mar bhunphrionsabal dár bpolasaí eachtrach. Ba é buaicphointe 2012 nuair a toghadh Éire - den chéad uair - chuig Comhairle um Chearta an Duine na Náisiúin Aontaithe ar an 12 Samhain; maireann an téarma ón 1 Eanáir 2013 - 31 Nollaig 2015.

Is í Comhairle na NA um Chearta an Duine príomhchomhlacht cearta daonna na Náisiúin Aontaithe. Agus é bunaithe sa Ghinév, tá 47 Stát rannpháirteach sa Chomhairle agus freagracht uirthi maidir le cur chun cinn agus cosaint chearta daonna ar fud an domhain.

D'fhógair Éire a hiarrthóireacht don toghchán i 2006. Bhí iarrachtaí fairsinge taidhleoireachta i gceist lenár bhfeachtas toghchánaíochta ag na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac agus sa Ghinéiv, agus i bpríomhchathracha ar fud an domhain, thar ceann an Tánaiste, a chomh-Airí agus oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Dhírigh an feachtas ar iarchuntas na hÉireann maidir le gníomhaíocht ar chearta daonna, ar ár dtacaíocht leanúnach do Náisiúin Aontaithe a bheadh láidir agus éifeachtach agus ar cháil domhanda ár gclár Comhar um Fhorbairt.

Every Déanadh gach iarracht leas a bhaint as caidreamh Aireachta agus oifigiúil a bhí ann roimhe sin le tacaíocht a lorg d'hiarrthóireacht na hÉireann. Rinne an Tánaiste agus a chomh-Airí stócaireacht dhíreach ag cruinnithe i gcaitheamh 2012, go háirithe ag Comhthionól Ginearála na Náisiúin Aontaithe sa Mheán Fómhair. Bhí Airí eile, ar a n-áirítear an tAire Stáit Trádála agus Forbartha, Joe Costello T:D.; agus bhí an tAire Stáit un Ghnóthaí Eorpacha, Lucinda Creighton T.D., gníomhach freisin ag cur iarrthóireachta na hÉireann chun cinn. Bhí tacaíocht á lorg ag Airí ar rialtais choigríche i gcomhthéacs Lá Fhéile Pádraig 2012. Rinne oifigigh Roinne stócaireacht déthaobhach le tacaíocht a fháil agus tríd an bhfreastal a rinne siad ar phríomhimeachtaí mar chruinniú Airí Ghnóthaí Eachtracha Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (Aibreán 2012), cruinniú den Ghluaiseacht Neamhailínithe (Bealtaine 2012) agus Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin (Lúnasa 2012).

I Nua-Eabhrac, rinne Buanmhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe stócaireacht fhorleathan agus dian. Leanadh le hiarrachtaí leanúnacha ag déanamh ar an vóta féin, leis an Tánaiste ag scríobh chuig líon mór Airí Gnóthaí Eachtracha ag cur béime ar iarrthóireacht na hÉireann agus ag lorg a dtacaíocht. Rinne an feachtas iarracht freisin ar leas a bhaint as caipiteal cultúrtha na hÉireann ar bhealaí éagsúla, ar a n-áirítear rannpháirtíocht an cheoltóra Bono in imeacht a d'eagraigh an Buanmhisean chuig na NA i Nua-Eabhrac le hiarrthóireacht na hÉireann a chur chun cinn.

Bhí an toghchán ar siúl ar an 12 Samhain 2012 i seomra Chomhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac. Bhí gach ceann de 193 Ballstát na Náisiúin Aontaithe i dteideal vótáil, le 97 vóta ar a laghad de dhíth ar iarrthóirí a n-éireodh leo. Toghadh Éire sa cheád bhabhta le 124 vóta.

Is mian le hÉirinn comhoibriú agus comhchaidreamh ceart a mhéadú idir Stáit d'fhonn a dtiomantas maidir len a ndualgas cearta daonna a neartú, agus a n-acmhainn déanamh dá réir. Aithnímid go bhfuil cearta daonna, forbairt ar shíocháin agus ar shlándáil idirnasctha agus go ndéanann siad treisiú ar a chéile; agus rinne ár bpolasaithe ag na Náisiúin Aontaithe iarracht ar an bhfírinne sin a aithint. Mar bhall de Chomhairle na NA um Chearta an Duine, tá Éire ag obair le príomhthosaíochtaí cearta daonna a chur chun cinn, ar a n-áirítear díriú ar riocht na gcearta daonna i dtíortha indibhidiúla agus ar shaoirse tuairimíochta, ar shaoirse reiligiúin nó creidimh, ar shaoirse na meáin (an t-idirlíon ach go háirithe), cearta LGBTI agus cearta daonna agus athrú aeráide.

Dí-armáil agus neamhiomadú a chur chun cinn, trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas dí-armála agus neamhionadaithe idirnáisiúnta.

Tá tiomantas seasmhach ag Éire maidir leis an gclár oibre dí-armála agus neamhionadaithe agus i 2012 leanamar lenár ról gníomhach sa réimse seo. Chuireamar go gníomhach leis an idirbheartaíocht ar an gConradh Trádála Arm a tharla i mí Iúil 2012. In ár ról Comhordaithe maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Cnuas-Mhuinsin, shocraíomar (in éineacht lenár gcomh-Chomhordaitheoir Lao) cur i láthair ag cleachtóirí allamuigh ag an gCruinniú de Stáit ar Pháirtithe iad in Oslo i Meán Fómhair 2012 dírithe ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht maidir le spriocanna a bhaint amach. I Lúnasa/Meán Fómhair 2012 chuir Éire le Comhdháil Athbhreithnithe do Chlár Gníomhaíochta na NA ar Mhionairm agus Airm Éadroma. Lean Éire freisin le tacú le hiarrachtaí i dtreo Chomhdhála ar Shaorlimistéar Arm Ollscriosta (AOS) sa Mheánoirthear. Bhí Éire rannpháirteach go gníomhach freisin sa chéad chruinniú den Choiste Ullmhúcháin do Chomhdháil Athbhreithnithe 2015 ar an gConradh in Aghaidh Iomadú (CAI).

Díriú ar: An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh

Tá freagracht ar Aonad Mheánoirthear agus Afraic Theas na Roinne as polasaí leathan eachtrach, gnéithe a bhaineann le trádáil agus cearta daonna i gcaidreamh na hÉireann le tíortha an réigiúin agus le heagraíochtaí idir-rialtasacha mar Léig na Stát Arabach agus Comhairle Chomhair Stáit Arabacha na Murascaille. Is réigiún é an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis d'Éirinn agus don Aontas Eorpach ar fad. Is comharsa béal dorais na hEorpa atá sa réigiún seo, agus éagobhsaíocht shuntasach ann le tamall anuas, ar leath cuid de chun na hEorpa. Is mórfhoinsé fuinnimh don Eoraip atá sa réigiún freisin, chomh maith le foinsé agus áit trasdulta don imirce dleathach agus neamhdhleathach chun na hEorpa. Le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo is gá gaol dearfach agus caidreamh a dhéanamh le tíortha an réigiúin.

Go polaitiúil, tharla tréimse ina raibh claochlú ollmhór sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh i rith 2012. I ndiaidh éirí amach Earrach na nArabach an bhliain roimhe sin, ghlac rialtais ar toghadh go daonlathach iad oifig den chéad uair sa Libia, san Éigipt, Éimin agus sa Túinéis. Lean Éire agus an AE le mór-ról a bheith acu maidir le tacú le hathrú gach stáit acu seo go daonlathas lánfheidhmiúla, maidir le cearta daonna, forlámhas an dlí, agus dul i mbun fáis gheilleagrach inbhuanaithe agus cuimsitheach.

Ba é an meathlúchán ar an scéal sa tSiria, áfach, a bhí chun tosaigh i gcuid mhór d'obair na Roinne sa réigiún i gcaitheamh na bliana. Bhí Éire go mór chun tosaigh maidir le cúnamh idirnáisiúnta a sholáthar maidir leis an ngéarchéim dhaonnúil a tharla agus d'oibrigh go dlúth lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta le hiarracht a dhéanamh ar bhuanréiteach polaitiúil a fháil le deireadh a chur le foréigean. D'oibríomar tríd an AE agus na Náisiúin Aontaithe le tacaíocht iomlán a thabhairt d'iarrachtaí leanúnacha Ionadaí Speisialta NA/Léig na nArabach, Lakhdar Brahimi, le deireadh a chur leis an gcoinbhleacht. Thaiséal an tUasal Brahimi go Baile Átha Cliath go luath i mí na Nollag do chomhairliúcháin le Státrúnaí Clinton na SA agus le hAire Gnóthaí Eachtracha na Rúise Lavrov ar imeall chomhairle aireachta ENASCE agus bhuaill sé leis an Tánaiste d'fhonn é a chur ar an eólas maidir lena chuid oibre. I mí na Nollag, d'fhreastal an tAire Stáit Costello ar chruinniú 'Chairde na Siria' i Maracó mar ar bhuaill an tAire le Comhghuaillíocht nuabhunaithe Fhreasúra na Siria. Ag an gcruinniú dúirt sé "Seasann Éire leo sin go léir atá ag iarraidh deireadh a chur leis an gcos ar bolg

fuilteach atá á imirt ag rialtas Assad ar a mhuintir féin. Tugaimid tacaíocht d'iarrachtaí le scéal na Siria a chur faoi bhráid An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus beidh seo mar thosaíocht ag Éire agus sinn ag glacadh ballraíochta ar Chomhairle na NA um Chearta an Duine an mhí seo chugainn. Mar an gcéanna, tabharfaimid tosaíocht d'iarrachtaí réiteach foriomlán a fháil ar an ngéarchéim le linn ár nUachtaránacht ar an AE sa chéad sé mhí de 2013."

Ba phríomhthosaíocht straitéiseach don Roinn i rith na bliana é Próiseas Síochána an Mheánoirthear. I mí Eanáir, thug an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore T.D., cuairt ar Iosrael agus ar an bPalaistín le tacú le hiarrachtaí na bacanna taidhleoireachta idir na páirtithe a shárú agus tuilleadh cainteanna a spreagadh. Bhuail sé le hUachtarán na Palaistíne Abbas agus le Príomhaire Iosrael Netanyahu. Ag trácht dó ar a chuairt, dúirt an Tánaiste, "In aghaidh chúlra d'athruithe stairiúla polaitiúla atá ar bun sa réigiún, creidim i dtionchair dhearfacha agus mórchlaohlaithe don Mheánoirthear agus don Afriac Thuaidh chomhaontú síochána Iosraelach-Arabach agus beidh béim á leagadh agam ar an bpointe sin i mo chainteanna." D'iarr sé ar Iosrael freisin deireadh a chur lena imshuí ar Ghaza agus thug cuairt ar dhá scoil agus ionad leithdálte bia i nGaza á fheidmiú ag Gníomhaireacht Fhaoisimh agus Oibre na Náisiún Aontaithe (GFONA).



An Tánaiste le linn a thurais chuig Gaza (c) DFAT

Go náisiúnta, bhí Éire gníomhach ag cur béime ar na bagairtí leanúnacha ar inmharthanacht an réitigh dhá-Stát agus ag cur iarrachtaí idirnáisiúnta chun cinn le hidirbheartaíocht síochána a atosú leis an gcoinbhleacht a réiteach. Cháin Éire an fhoréigean a tharla i nGaza i mí na Samhna agus d'iarr ar an dá thaobh méadú a sheachaint agus gan tuilleadh ionsaithe a dhéanamh. Thug Éire agus ár gcomhpháirtithe san AE tacaíocht láidir do dhianíarrachtaí taidhleoireachta, a ndearna an Éigipt príomh-idirghabháil orthu, ar éirigh leo sos comhraic a bhaint amach agus ionradh talún a sheachaint agus an baol go bhfaigheadh i bhfad níos mó daoine bás. I mí na Samhna, vótáil Comhthionól Ginearálta na NA stádas 'Stáit Bhreathnóireachta' ag an gComhthionól Ginearálta chun na Palaistíne. Thug Éire tacaíocht don Rún a ndearna an Comhthionól Ginearálta faomhadh air le 138 vóta in aghaidh 9 (le 41 ball ag staonadh).

Maidir leis an Iaráin, bhí imní na hÉireann ag teacht le himní forleathan idirnáisiúnta maidir le nádúr chlár núicléach na hIaráine agus conas a chuir an easpa dul chun cinn maidir le déileáil leis an gceist le héagobhsaíocht agus go bhféadfadh coinbhleacht éirí as i réigiún atá an-suaite cheana féin. D'oibríomar lenár gcomhpháirtithe san AE le leathnú a dhéanamh ar na céimeanna sriantacha atá ann in aghaidh na hIaráine in éagmais dul chun cinn ar idirbheartaíocht E3+3 (RA, An Fhraicnc, An Ghearmáin, SAM, An Rúis agus An tSín) leis an Iaráin ar a clár núicléach.

Bhí an Roinn gníomhach ag cur chaidrimh níos láidre trádála chun cinn idir Éire agus an réigiún Arabach i 2012. Tá an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha i measc na n-argaí tosaíochta a aithníodh i straitéis trádála an Rialtais, Trádáil agus Infheistíocht i nGeilleagar Cliste, agus thug an tAonad tacaíocht d'obair mhisean na hÉireann sa dá thír le sciar na hÉireann den mhargadh a mhéadú. Ina theannta sin, rinne an tAonad iarracht ár gcaidreamh eacnamaíoch leis na tíortha sin sa réigiún Arabach atá i mbun athraithe, ar a n-áirítear an Éigipt, an Libia, an Ailgéir, an Túinéis agus Maracó, a neartú. Chuir Éire clabhsúr le Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte leis an Éigipt, Catar, Maracó agus an Araib Shádach i 2012 le cabhrú le cuideachtaí Éireannacha ar mhian leo gnó a dhéanamh sna margaí seo.

Sprioc 5: Freastal ar Shaoránaigh Éireannacha: Seirbhísí consalachta agus pasanna a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha agus teagmháil a dhéanamh le pobail Éireannacha thar lear

I 2012, chabhraigh an Roinn le beagnach 1,500 saoránach Éireannach tar éis gur tharla móréigeandálaí consalachta, ar a n-áirítear bás, gabháil, timpistí, fuadach leanaí agus ospidéalú. Cé gur soláthraíodh seirbhís chonsalachta do shaoránaigh Éireannacha i mórán tíortha ar fud an domhain, tharla an líon ba mhó ar fad d'éigeandálaí consalachta thar lear sa Spáinn, leis an Astráil, SAM, an Fhrainc, an Bhreatain, an Tuirc, an Téalainn, Ceanada, AÉA, an Ghearmáin, an Iodáil, an Íseltír, an Ghréig, an Pholainn agus an Phortaingéil ina dhiaidh sin. Sholáthair an Roinn cúnamh consalachta do theaghlaigh 194 duine a fuair bás agus iad thar lear, cuid acu seo i gcúinsí an-tagóideacha. Soláthraíodh cúnamh freisin i 290 cás gabhála, chomh maith le roinnt cásanna deacra agus fadtréimhseacha fuadach leanaí.

I rith Chraobh na hEorpa UEFA 2012, d'oscail an Roinn oifigí tiomnaithe consalachta i Gdansk agus Poznan le clúdach 24 uair an chloig do lucht tacaíochta ag taisteal chuig an gcomórtas. Thug siad seo tacaíocht chuimsitheach consalachta do os cionn 180 cás consalachta agus cuireadh comhairle ar na céadta eile agus tugadh cúnamh dóibh le ceisteanna.

Rinne an Roinn monatóireacht freisin ar chúrsaí sa Mheánoirthear i gcaitheamh 2012. Tríd ár nAmbasáidí i gCaireo agus Tel Aviv, bhí teagháil á choimeád againn le saoránaigh Éireannacha sa tSiria agus in Iosrael agus sna Críocha faoi Fhorghabháil maidir lena sábháilteacht agus a leas.

Sheol an tSeirbhís Phasanna scéim phíolótach áirithinte i Samhain 2012 dírithe ar aga feithimh a laghdú ag an Oifig i Sráid Theach Laighean i mBaile Átha Cliath. D'éirigh an-mhaith leis an scéim agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán ó shin í. D'eisigh Oifig na bPasanna 631,939 pas i 2012. Eisíodh 79% de na hiarratais tríd an áis Mearphas laistigh de 10 lá nó níos lú agus eisíodh 98% laistigh de 15 lá. Rinne ambasáidí Éireannacha próiseáil ar 38,682 iarratas ar víosa i gcaitheamh na bliana, a raibh aga slánúcháin níos lú ná 3 lá ag baint lena bhformhór.

D'eisíomar níos mó ná 2,500 Litir Shaoirse do shaoránaigh Éireannacha a bhí ag pósadh thar lear, agus ba iad na tíortha ba mhó a bhí i gceist ná an Iodáil, an Spáinn, an Ghearmáin, Málta agus Albain. Rinneamar próiseáil ar níos mó na 8,000 iarratas ar shaoránacht Éireannach trí Chlárú Breitheanna Coigríche, agus léiríonn formhór na n-iarratas a fuarthas trí Ambasáidí agus Consalachtaí Oinig sna Stáit Aontaithe, sa Bhreatain, san Afraic Theas, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, na pobail mhóra Éireannacha atá ina gcónaí sna háiteanna sin. Rinne an Roinn fordheimhniú freisin ar níos mó ná 50,000 doiciméad Éireannach mar theastais oideachais, cáipéisí dlí agus cáipéisí cuideachta, a bhí ag teastáil le cur i láthair thar lear, agus a raibh a lán acu de dhíth d'fhonn fostaíocht a fháil nó d'idirbheartaíocht mhaoine agus tráchtála. Tá seirbhís aon lae á thairiscint i gcónaí againn d'fhormhór na n-iarratas ar ffordheimhniú.

Próifíliú ar Chabhair


Le deich mbliana anuas tháinig méadú ollmhór ar líon na saoránach Éireannach ag taisteal thar lear, le os cionn 6.3 milliún cuairt thar lear ag cónaitheoirí Éireannacha i 2012. De réir mar a leanann líon na saoránach Éireannach a bhíonn ag taisteal agus ag cónaí thar lear ag méadú, tá gá dá réir leis an ngá le cúnamh agus tacaíocht chonsalachta. In éineacht leis an Rannóg Cúnaimh Chonsalachta atá bunaithe sa Cheanncheathrú, soláthraíonn ár Misin agus ár gConsail Oinigh thar lear cúnamh agus comhairle consalachta dár saoránach a bhíonn i sáinn thar lear agus dá dteaghlaigh in Éirinn. I 2012, chabhraigh an Roinn le 1443 saoránach Éireannach de bharr éigeandála consalachta thar lear, ar a n-áirítear bás, gabhálacha, fuadach, timpistí, fuadach leanaí agus ospidéalú.

I 2009, tugadh isteach córas Cásbhainistíochta Consalachta na Roinne – Cabhair, d’fhonn na seirbhísí atá ar fáil do shaoránaigh Éireannacha a bhíonn i sáinn thar lear a choimeád agus fheabhsú. Soláthraíonn na bogearraí seo bonnachar sonraí cuimsitheach leictreonach de gach cás consalachta, le roinn fo-chatagóirí: m.sh. bás, gabháil agus coinneáil, príosúnaigh, fuadach leanaí, timpistí/breoiteacht, agus daoine in easnamh. Cuireann sé ar chumas na foirne consalachta sa bhaile agus thar lear faisnéis maidir le cúnamh consalachta a roinnt láithreach bonn agus comhordú a dhéanamh ar chúnamh a sholáthar beag beann ar amchrios nó suíomh geografach. Ceadáíonn sé don fhoireann chonsalachta gach gné den iarratas ar chúnamh consalachta a leanúint go leictreonach, ag léiriú an malartú sonraí agus faisnéise a sholáthraítear do shaoránaigh.

Ar chuid de shainleasa Cabhair áirítear: bunú “cuimhne roinne”; caighdeánú nósanna imeachta cásbhainistíochta; agus acmhainn an chórais le staitisticí a bhíonn cruinn agus suas chun dáta a chur ar fáil. Ina theannta sin, bíonn sé éasca do na hoifigigh chonsalachta a fheiceáil cár soláthraíodh cúnamh roimhe sin, is fearr a bhíonn Misin san airdeall maidir le hathchásanna, agus is fuirist cúnamh tras-Ambasáide a shocrú. Ceadáíonn Cabhair stóráil leictreonach ar fhaisnéis gan cruachóip de chomhad a chruthú do gach cás agus rochtain á cheadú ar gach cás láithreach bonn aige.

Tá modúil géarchéime i mbunachar sonraí Cabhair a chuireann leis an gcúnamh do shaoránaigh a bhíonn i sáinn thar lear.

Cuirtear feabhas ar ár seirbhísí do shaoránaigh Éireannacha trí úsáid éifeachtach a bhaint as Cabhair. Bíonn sé éasca rochtain a fháil ar staitisticí suas chun dáta ar léiriú líon agus catagóir na gcásanna do 2012. Léiríonn an léaráid thíos, mar shampla, líon na ndaoine a fuair bás, a gabhadh agus na gcásanna míochaine do na 5 tíortha ina raibh an t-éileamh ba mhó ar chúnamh consalachta i 2012.



Spríoc 6: Neartú ar ár gcumas freastal ar ár spriocanna

Measúnú agus Iniúchadh

Tá comhfheidhm iniúchta measúnaithe ag an Roinn a ndéanann Aonad Measúnaithe agus Iniúchta neamhspleách bainistiú air. Tá a chinntiú go gcaitear airgead poiblí i gceart ar na cúiseanna cearta, agus go bhfaightear luach ar airgead, mar thosaíocht ag an Roinn i gcónaí. Soláthraíodh príomheilimintí an iniúchadh inmheánach do 2012. Bhí tionchar ag an ngá a bhí le tosaíocht a thabhairt do líomhaintí calaoise Uganda sa ráithe deireanach de 2012 ar ghnéithe áirithe den chlár agus d'éirigh leis an Aonad Measúnaithe agus Iniúchta freastal ar an obair bhreise seo nach raibh coinne leis.

Tá measúnú foirmeálta ar chaiteachas níos tábhachtaí fós anois i mbainistíocht seirbhís nua-aimseartha poiblí, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Déantar iarracht a mhíniú leis an Measúnú cén fáth ar éirigh nó ar theip ar rud éigin agus na cúiseanna a bhí leis. Ba chóir go mbeadh sé seo comhtháite i ngach staid agus leibhéal de chleachtas gnó, ag tosú ón mbreithmheas tosaigh ar thogra, trí fhorfheidhmiú agus sa deireadh maidir le measúnú foirmeálta deireadh forfheidhmithe.

I 2012 déanadh mórmeasúnuithe ar chúnamh na hÉireann don Aetóip (2008-2012), Leosóta (2008-2012) agus an Afraic Theas (2008-2012). Ina theannta sin, i 2012 chabhraigh an tAonad M&I le measúnú a dhéanamh ar thacaíocht na hÉireann do shíocháin agus athmhuintearas in Éirinn (Ionad Ghleann Chrí do Shíocháin agus Athmhuintearas) agus cuireadh tús le mór-athbhreithniú ar Luach ar Airgead ghréasán misin déthaobhach na hÉireann i mballstáit an AE.

Chríochnaigh an tAonad Measúnaithe agus Iniúchta Lámhleabhar d'Oibríochtaí Measúnaithe freisin a chuireann le ceisteanna measúnaithe a bheith áirithe i ngach staid de phleanáil agus d'fhorfheidhmiú na gclár maoinithe agus réimsí eile caiteachais.

Cé gur lean príomhfhócas na hoibre i 2012 ar an gclár Cúnamh Éireann agus bainistíocht airgeadais phoiblí i dtíortha an chláir, bhí níos mó fócais ar an gclár níos leithne sa Roinn. Déanadh obair iniúcháireachta ar chaiteachas cóiríochta, taistil agus cothabhála, agus teicneolaíochta faisnéise. Déanadh iniúchadh ar na hAmbasáidí i Singeapór agus sa Mhalaeisia freisin chomh maith le hiniúchadh comhlíonta le hoibleagáidí eitice.

Tugtar nuashonrú don Choiste Iniúcháireachta go rialta ar dhul chun cinn ar fhorfheidhmiú gach moladh den mheasúnú agus den iniúchadh, faoi mar atá Oifig an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Straitéis agus Feidhmíocht

Féachann Rannóg Straitéise agus Feidhmíochta na Roinne ar a hoibríochtaí agus a córais chomh maith leis na hambasáidí agus na hoifigí thar lear agus déanann sí moltaí maidir le feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht. Tá freagracht uirthi as Pleanáil Gnó ar fud na Roinne agus tacaíonn sí le Tascfhórsa Bainistíochta Faisnéise na roinne maidir le cultúr eagraíochtúil a chothú i dtaobh Fheabhsú leanúnach ar Phróiseas Gnólachta. Glacann sí chuici féin freisin an fheidhm a bhaineann le cigireacht na roinne agus déanann idir 6 - 8 cigireacht gach bliain.

I gcaitheamh 2012 d'fhoilsigh an Rannóg Straitéise agus Feidhmíochta ráiteas Straitéise na Roinne, a chuirfidh ár gcuid oibre ar an eolas go dtí 2014 agus chríochnaigh athbhreithniú ar ghréasán misean na hÉireann sna SA.

Áiríodh inár

dtionscnamh Bainistíochta Faisnéise i 2012 córas leictreonach píolótach do bhainistíocht Cheisteanna Parlaiminteacha agus feidhmiú céimneach ar sheirbhís phoist mhóibíleach ar fud na roinne, a thacaíonn le cianrochtain sábháilte ar sheirbhísí na roinne, atá tar éis cur le héifeachtúlacht ár bhfórsa oibre atá an-ghluaisteach. Is príomhriachtanas é seo chun tosaigh ar ár nUachtaránacht ar Chomhairle na hEorpa sa chéad leath de 2013.



Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i RGET i 2012

Críochnaíodh roinnt soláthairtí suntasacha i 2012 maidir le réimse seirbhísí TFC ar a n-áirítear Gréasán Domhanda na Roinne, a nascann os cionn 90 oifig, ar a n-áirítear na 75 Misean ag an Roinn. Is é an Gréasán Domhanda an bhunchloch maidir le seirbhísí TFC a sholáthar chuig oifigí na Roinne, ar a n-áirítear sonraíocht, guth agus físchomhdháil. I 2012 do níos mó ná 2,000 úsáideoir seirbhíse a bhí ar fáil tríd an ngréasán seo áiríodh: 4,720 físchomhdháil de 41 noiméad ar fhad mar mheán; 5.7milliún inmheánach, 9.8milliún isteach agus 4.5milliún teachtaireacht amach; agus 1,775 úsáideoir uathúil laethúil d'Inlín na Roinne.

Saoráil Faisnéise

I 2012, fuair an Roinn 138 iarratas ar fhaisnéis faoi na hAchtanna SF. Díobh seo, deonadh 39 go hiomlán, deonadh 47 i bpáirt, diúltaíodh 17, déanadh aistarraingt ar 21, déanadh 9 a láimhseáil lasmuigh den Acht, agus tugadh 12 ar aghaidh go 2013. B'iarratais ar eolas pearsanta a bhí i 26 agus bhain 112 le heolas neamhphearsanta. Den 138 iarratas, fuarthas 91 ó iriseoirí, 16 ó ghrúpaí gnó/sainleasa, 5 ón Oireachtas/ionadaithe pobail agus 26 ó dhaoine eile.

Faoi mar a mhol an Coimisinéir Faisnéise, cuireadh formhór na n-iarratas agus na bhfreagraí neamhphearsanta do 2012 ar shuíomh gréasáin seachtrach na Roinne leis na taifid a scaoileadh ar fáil ach iarratas a dhéanamh. Tá gach taifead atá ag an Roinn, ar a n-áirítear comhaid, tuarascálacha, r-phoist, etc. inghlactha do bhreithniúchán le scaoileadh faoi SF.

Fócas ar an tSín



An Tánaiste ag fáiltiú roimh Xi Jinping ag Aerfort na Sionainne (C) MerrionStreet.ie

Bhí dlúthbhaint ag an Roinn tríd Aonad an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus tríd an tSeirbhís Phrótacail maidir le mórchuirteanna ar an tSín a sholáthar sa dá threo i 2012 ar a n-áirítear cuairt an Leasuachtaráin faoi mar a bhí ag an am Xi Jinping (atá ina Uachtarán anois) ar Éirinn i mí Feabhra, agus an misin chun na Síne faoi cheannas an Taoisigh i mí na Márta le tacaíocht na hAmbasáide i mBéising.

Thug an Ambasáid i mBéising agus an Chonsalacht i Shang-hai tacaíocht do réimse cuairteanna eile ar ardleibhéal chomh maith le leanúint le hÉirinn agus deiseanna gnó na hÉireann achur chun cinn ag leibhéal náisiúnta agus chúige sa tSín.

Sholáthair an chéad chuairt oifigiúil ag an Leasuachtarán Xi Jinping go hÉirinn comhaontú ar dhá Mheabhrán Tuisceana (MT). An chéad cheann ar Bhunú ghrúpa oibre le Comhinfheistíocht a chur chun cinn agus an dara ceann le Cur Chun Cinn a dhéanamh ar Thrádáil Idirnáisiúnta i Seirbhísí na hÉireann agus Daon-Phoblacht na Síne i mí Feabhra 2012.

Lean an Taoiseach le cuairt ar ardleibhéal chun na Síne le toscaireacht tras-earnála trádála. Mharcáil an chuairt seo Comhaontú le Comhpháirtíocht Straitéiseach a bhunú do Chomhoibriú Comhleasmhar i mí na Márta 2012.

Déanadh seo a leanúint le roinnt cuairteanna Aireachta dírithe ar neart earnála ar a n-áirítear oideachas agus scileanna, sláinte, agus comhshaol agus talmhaíocht, bia agus muirí. D'éirigh ar fheabhas le cuairt an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, T.D., le síniú MTanna a bhain le réimsí agrabhía agus iascaigh. Le linn a chuairte i mí Lúnasa 2012, shínigh an tAire Sláinte, James Reilly, T.D., MT ag neartú comhoibriú leis an tSín maidir le cúram sláinte. I mí na Nollag chuir an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, T.D., le MT a bhí ann cheana féin ar chomhoibriú cultúrtha. Thug Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Naoise Ó Muirí, cuairt ar Béising i Meán Fómhair 2012 agus d'fhreastal ar chruinniú mullaigh tionscnaimh Chónaidhm Turasóireachta Chathracha an Domhain agus ar Thaispeántas Turasóireachta Cathrach.

I nDeireadh Fómhair 2012, rinne an Roinn óstáil ar Chomhchoimisiún Eacnamaíochta na hÉireann-na Síne. Tugann an cruinniú débhlíantúil seo oifigigh shinsearach a ó Rialts na hÉireann agus ón tSín le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna le trádáil sa dá threo a thógáil, ar fiú €8 billiún in aghaidh na bliana faoi láthair é. Mar aitheantas ar an méadú atá ar thábhacht na trádála i seirbhísí, bhunaigh an JEC grúpa oibre ar leith sa réimse seo.

Rannán Dlí na Roinne

Le tacú leis an Roinn a Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach soláthraíonn ár Rannán Dlí comhairle dlí maidir le dlí idirnáisiúnta, an dlí ar chearta an duine agus ar ghnéithe de dhlí an AE d'aonaid pholasaí, aonaid seirbhíse eile agus misin iltaobhacha. Bíonn ról tosaíochta aige freisin maidir le ceisteanna idirnáisiúnta a bhaineann le ceartas coiriúil agus dlí na farraige.

Bhí ullmhúchán na hÉireann d'Uachtaránacht an AE mar thosaíocht sa dara leath de 2012 – ag roghnú agus ag oiliúint foirne iomchuí a bheadh rannpháirteach i bhfrastal ar ghrúpaí oibre AE le cathaoirleacht ar dhlí na farraige, dlí idirnáisiúnta poiblí agus an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

Bhí foireann an Rannáin Dlí sa chathaoirleacht freisin ar chruinnithe an Choiste Náisiúnta an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus iad spriocdhírthe ar a chinntiú go mbeadh cuspóirí beartais na hÉireann le feiceáil i bhFógra Brighton ar Athchóiriú ar an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. I 2012 bhí ról gníomhach ag ár bhfoireann freisin in idirbheartaíocht, clabhsúr agus daingniú an Chonartha um Chobhsaíocht (a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2013).



Photo (c) ICRC/Jorge Perez

Oibríonn ár Rannán Dlí go dlúth freisin le hOifig an Ard-Aighne. Ar fhreagrachtaí an Rialtais Uile áirítear próiseáil ar iarratais eiseachadta agus cúnaimh frithpháirteach dlí agus ár nOifig Chonartha a rith – tá liosta de chonarthaí a tháinig i bhfeidhm don Stát i 2012 [i gceangal leis seo](#).

Tháinig na comhaontuithe idirnáisiúnta seo a leanas i bhfeidh d'Éirinn i 2012

<u>Uimh.1 de 2013</u>	Daingniú ar Théacs Leasaithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chosaint Chineálacha Nua Plandaí, a déanadh i bPáras ar an 2 Nollaig 1961, mar a leasaíodh ar an 10 Samhain 1972, 23 Deireadh Fómhair 1978 agus 19 Márta 1991, taisceadh ionstraim daingniúcháin na hÉireann ar an 8 Nollaig 2011, a tháinig i bhfeidhm maidir le hÉirinn ar an 8 Eanáir 2012
<u>Uimh.2 de 2013</u>	An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chórais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú 2001 (Coinbhinsiún CFS), a déanadh i Londain ar an 5 Deireadh Fómhair 2001, taisceadh ionstraim aontachais na hÉireann ar an 20 Deireadh Fómhair 2011, a tháinig i bhfeidhm maidir le hÉirinn ar an 20 Eanáir 2012
<u>Uimh.3 de 2013</u>	Prótacal ag Leasú an Choinbhinsiúin idir Rialtas na hÉireann agus an Afraic Theas ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam agus Gnóthacháin Chaipitiúla, le Prótacal, déanta ag Cape Town ar an 17 Márta 2010, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Prótacal seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 15 Feabhra 2011 agus 10 Feabhra 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 10 Feabhra 2012
<u>Uimh.4 de 2013</u>	Comhaontú idir Éire agus Samó ar Mhalartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach, a déanadh i mBaile Átha Cliath ar an 8 Nollaig 2009, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Comhaontú seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 15 Feabhra 2011 agus 21 Feabhra 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 21 Feabhra 2012
<u>Uimh.5 de 2013</u>	Meabhrán Tuisceana idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus Aireacht Talmhaíochta Daon-Phoblacht na Síne, a déanadh ag Béising ar an 16 Aibreán 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 16 Aibreán 2012
<u>Uimh.6 de 2013</u>	Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Greanáda maidir le Mhalartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach, a déanadh ar an 31 Bealtaine 2012, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Comhaontú seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 13 Eanáir 2012 agus 23 Aibreán 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 23 Aibreán 2012
<u>Uimh.7 de 2013</u>	Prótacal 1996 le Leasú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le Dlíteanais i leith Éileamh Muirí a Theorannú (DÉMT) 1976, a déanadh i Londain ar an 2 Bealtaine 1996, taisceadh ionstraim aontachais na hÉireann ar an 25 Eanáir 2012, a tháinig i bhfeidhm maidir le Éirinn ar an 24 Aibreán 2012
<u>No.8 of 2013</u>	An Conradh um Dhlí na bPaitinní WIPO, a déanadh sa Ghinéiv ar an 1 Meitheamh 2000, taisceadh ionstraim daingniúcháin na hÉireann ar an 27 Feabhra 2012, a tháinig i bhfeidhm maidir le hÉirinn ar an 27 Bealtaine 2012
<u>Uimh.9 de 2013</u>	An Coinbhinsiún idir Éire agus Rialtas Phoblacht Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam agus Gnóthacháin Chaipitiúla, a déanadh ag Sairéavó ar an 3 Samhain 2009, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 16 Aibreán 2009 agus 25 Meitheamh 2012
<u>Uimh.10 de 2013</u>	An Coinbhinsiún idir Éire agus Ríocht Mharacó ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam, a déanadh ag Rabat ar an 22 Meitheamh 2010, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 17 Feabhra 2011 agus 10 Meán Fómhair 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 10 Meán Fómhair 2012
<u>Uimh.11 de 2013</u>	An Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, le Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta agus le Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus), a déanadh ag Aarhus, an Danmhairg ar an 25 Meitheamh 1988, taisceadh ionstraim daingniúcháin na hÉireann ar an 20 Meitheamh 2012, a tháinig i bhfeidhm maidir le hÉirinn ar an 18 Meán Fómhair 2012

<u>Uimh.12 de 2013</u>	An Prótacal maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán leis an gCoinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, le Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta agus le Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil (PRTR), a déanadh sa Chív ar an 21 Bealtaine 2003, taisceadh ionstraim daingniúcháin na hÉireann ar an 20 Meitheamh 2012, a tháinig i bhfeidhm maidir le hÉirinn ar an 18 Meán Fómhair 2012
<u>Uimh.13 de 2013</u>	Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAfraice Theas maidir le Comhléiriú Scannán, a déanadh ag Cannes ar an 20 Bealtaine 2012, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Comhaontú seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 17 Meán Fómhair 2012 agus 27 Meán Fómhair 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 27 Meán Fómhair 2012
<u>Uimh.14 de 2013</u>	An Conradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilleánach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Málta, Ríocht na hÍsailtíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na Fionlainne agus Dearbhú a ghabhann leis, a déanadh sa Bhruiséil ar an 2 Feabhra 2012, taisceadh ionstraim daingniúcháin na hÉireann ar an 1 Lúnasa 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 27 Meán Fómhair 2012
<u>Uimh.15 de 2013</u>	Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Stát Aontaithe Mheiriceá ar Chomhoibriú a Fheabhsú maidir le Cosc a chur le, agus Aghaidh a thabhairt ar Thromchoireanna, a déanadh i mBaile Átha Cliath ar an 21 Iúil 2011, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Comhaontú seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 30 Aibreán 2012 agus 19 Deireadh Fómhair 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 19 Deireadh Fómhair 2012
<u>Uimh.16 de 2013</u>	An Comhaontú idir Éire agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam agus Gnóthacháin Chaipitiúla, a déanadh i mBaile Átha Cliath ar an 30 Márta 2011, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Comhaontú seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 28 Samhain 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 28 Samhain 2012
<u>Uimh.17 de 2013</u>	An Comhaontú idir Éire agus Ríocht na hAraibe Sádaí ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam, a déanadh ag Riyadh ar an 19 Deireadh Fómhair 2011, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 10 Aibreán 2012 agus 17 Meán Fómhair 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2012
<u>Uimh.18 de 2013</u>	Comhaontú idir Éire agus Ríocht na Spáinne maidir le Sealbhú Cómhálartach Stoc Éigeandála Amhola agus/nó Táirgí Peitrialiam, a déanadh i Maidrid ar an 12 Nollaig 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 12 Nollaig 2012
<u>Uimh.19 de 2013</u>	Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na hAirméine ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam agus Caipiteal, a déanadh i mBaile Átha Cliath ar an 14 Iúil 2011, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Comhaontú i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 22 Feabhra 2012 agus an 18 Nollaig 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 18 Nollaig 2012
<u>Uimh.20 de 2013</u>	An Coinbhinsiún idir Rialtas na hÉireann agus Poblacht Phanama ar Chánachas Dúbailte a Sheachaint agus Cosc a chur le hImghabháil Fioscach maidir le Cánacha ar Ioncam agus Gnóthacháin Chaipitiúla, a déanadh i mBaile Átha Cliath ar an 22 Samhain 2011, fógraí maidir le críochnú na nósanna imeachta atá riachtanach go dtiocfadh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm tugtha ar aird a chéile ar an 10 Deireadh Fómhair 2012 agus an 19 Nollaig 2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 19 Nollaig 2012